


# An Foras um Chláir Speisialta an AE Tuarascáil Bhliantúil 2013

Special EU Programmes Body
Foras Um Chláir Speisialta An AE
Boord O Owre Ocht UE Projecks

European Union
European Regional Development Fund
Investing in your future

Northern Ireland Executive
www.northernireland.gov.uk

Ireland's EU Structural Funds Programmes 2007–2013
Co-funded by the Irish Government and the European Union

**An Foras um Chláir Speisialta an AE**
**Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais**
**don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig, 2013**

Arna leagan faoi bhráid Thionól Thuaisceart Éireann
faoi alt 11 (3) (c) den Acht Rialtais agus Acmhainní agus Cuntas (Tuaisceart Éireann) 2001
ag an Roinn Airgeadais agus Pearsanra

ar an

18 deimhniú 2014

**© cóipcheart FSCAE 2014.**

Féadfar téacs an doiciméid seo (cé is moite den Armas Ríoga nó d'aon lógónna ranna nó gníomhaireachta, nuair is ann dóibh) a atáirgeadh saor in aisce i bhformáid ar bith nó trí mheán ar bith ar choinníoll go ndéanfar atáirgeadh cruinn air agus nach mbeidh sé i gcomhthéacs míthreorach.

Ní mór an t-ábhar a admháil mar chóipcheart © FCSAE agus ní mór teideal an doiciméid a shonrú. I gcás inar sainaithníodh ábhar tríú páirtí, ní mór cead a fháil ó shealbhóir an chóipchirt faoi seach.

Ba cheart aon fhiosrúchán a bhaineann leis an bhfoilseachán seo a sheoladh chugainn ag
**info@seupb.eu**

Tá an foilseachán seo ar fáil freisin ag
**www.seupb.eu**

# Clár Ábhar


| | |
|---|---|
| Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh | 2 |
| Ról an Fhorais um Chláir Speisialta an AE | 7 |
| Gnóthachtáil le hais Cuspóirí Corparáideacha (2011-2013) | 9 |
| Forbhreathnú ar na Cláir | 11 |
| • PEACE III | 11 |
| • INTERREG IVA | 17 |
| • INTERREG IVB agus IVC (Trasnáisiúnta agus Idir-réigiúnach) | 22 |
| Cur in iúl na Teachtaireachta in 2013 | 25 |
| Cuntais Bhliantúla | 29 |
| Aguisín | 67 |

# Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh

Baineadh amach garsprioc thábhachtach i mbliana, 2013, maidir le cur chun feidhme Chlár an Aontais Eorpaigh um Chomhar Críche 2007-2013 (INTERREG IVA) agus an Chláir um Shíocháin agus Athmhuintearas 2007-2013 (PEACE III).

Agus sinn ag druidim le deireadh na gclár, táimid ag obair i dtreo ghealladh iomlán an chistithe atá ar fáil. Bhí an Foras thar a bheith gnóthach i rith na bliana, agus muid ag obair ar thionscadail atá ann cheana féin a dhúnadh; ar litreacha nua tairisceana a eisiúint agus ar an ábhar agus na meicníochtaí seachadta féideartha a fhorbairt don chéad clárthréimhse eile 2014-2020.



Nuair a baineadh dhá thionscadal mhórscála as raon feidhme PEACE III agus INTERREG IVA le linn 2013, bhí dúshláin shuntasacha le sárú ag an bhForas, ó thaobh méid suntasach cistithe a athdháileadh ar thionscadail inmharthana, ar shlí a bhí ailínithe le cuspóirí an dá chlár. Tá an próiseas sin á bhainistiú go héifeachtach faoi láthair, ach beidh gá le hobair dhian a leanfar ar aghaidh léi isteach sa bhliain seo chugainn agus níos faide anonn.

Aithníodh an tionchar agus an tábhacht a bhaineann le Clár PEACE III an AE ag tús na bliana i rith comhdháil mhór a bhí ar siúl i bhFoirgneamh Charlemagne sa Bhruiséil ar an 31 Eanáir. Is í Ard-Stiúrthóireacht (AS) an Choimisiúin Eorpaigh do Bheartas Réigiúnach agus Uirbeach a d'eagraigh an t-imeacht thar ceann an Choimisinéara Johannes Hahn, le cúnamh ón FCSAE.

Ag croílár na comhdhála, bhí fianaisí tionscadal ó thrí thionscadal ar leith arna gcistiú faoi PEACE III agus a bhfuil tionchar dearfach, claochlaitheach acu ar shaol na ndaoine a bhfuil cónaí orthu i dTuaisceart Éireann agus i Réigiún Teorann na hÉireann.

Le linn an imeachta, cuireadh ionchur ar fáil ón gCoimisinéir féin, in éineacht le Céad Aire agus Leas-ChéadAire Thuaisceart Éireann, Peter Robinson, CTR agus Martin McGuinness, CTR, agus le hAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe na hÉireann, Brendan Howlin, TD. Bhí seisiún iomlánach, a bhí ar siúl gar do dheireadh na comhdhála, ceaptha chun iniúchadh a dhéanamh ar a mhéad a d'fhéadfaí cur chuige PEACE um chláreagrú a chur i bhfeidhm maidir le réigiúin Eorpacha eile.

Tháinig deireadh rathúil i mbliana le roinnt tionscadal den scoth a bhí cistithe faoi PEACE III, agus cuireadh imeachtaí clabhsúir ar bun d'fhonn an tionchar a bhí acu a cheiliúradh. Tionscadal tábhachtach ina measc siúd is ea an 'Tionscadal um Chumasaú faoi Tuath', a bunaíodh chun cúnamh a thabhairt an ceann is fearr a fháil ar an seicteachas agus ar an gciníochas faoi tuath ar fud an réigiúin.

I rith an imeachta clabhsúir, a bhí ar siúl i Muineachán, leagadh béim ar an gcur chuige nuálach a ghlac an Líonra Pobail Tuaithe, i gcomhpháirtíocht le Nasc Tuaithe na hÉireann, chun cur i gcoinne na gclaontachtaí agus na míthuiscintí ar ann dóibh laistigh de roinnt pobal tuaithe mar thoradh ar an gcoimhlint.

D'fhreastail mé freisin ar sheoladh oifigiúil roinnt tionscnamh nua arna gcistiú faoi PEACE III, lena n-áirítear an tionscadal 'Fab Labs', atá á sheachadadh trí Iontaobhas Pobail Ashton i mBéal Feirste agus an Nerve Centre, i nDoire. I láthair ag an imeacht chomh maith bhí na hAirí Sóisearacha Jonathan Bell, CTR agus Jennifer McCann, CTR agus díríodh aird lena linn ar an tionchar trasphobail a bheidh ag an tionscadal agus é ar bun.

I dtreo dheireadh na bliana, tugadh aitheantas poiblí don obair atá á déanamh ag na Comhpháirtíochtaí Síochána, atá freagrach as beagnach an tríú chuid (thart ar €100m) de luach an Chláir a sheachadadh. D'fhreastail mé féin ar imeachtaí ceiliúrtha speisialta a bhí á dtionól ag Comhpháirtíochtaí Síochána an Iardheiscirt agus CAB (Carraig Fhearghais, Aontroim agus Baile na Mainistreach), ina ndearna siad cur síos ar an tionchar a bhí ag cistiú an AE ar chothú na síochána ar an leibhéal áitiúil.

Bhí sé de chuspóir ag na himeachtaí sin aird a dhíriú ar an éagsúlacht mhór oibre atá á déanamh laistigh de phobail áitiúla ar fud an réigiúin ar fad agus ar an tionchar dearfach atá ag an gclár PEACE III ar shaol na céadta mílte daoine.

Seoladh roinnt tionscadal nuálach, arna gcistiú faoi Chlár INTERREG IVA an AE, i rith na bliana 2013 chomh maith. Ina measc siúd bhí an tionscadal 'Leas a bhaint as an gCruthaitheacht', a seoladh ar an 15 Márta. Fuair an tionscadal cúnamh dar luach thart ar €0.8m agus cuirtear seirbhísí speisialaithe um thacaíocht ghnó ar fáil faoi do chomhlachtaí áitiúla atá ag feidhmiú laistigh d'earnáil na dtionscal cruthaitheach.

Seoladh tionscnamh eile a bhí dírithe ar an bhfiontraíocht, darb ainm 'VITAL', in 2013 freisin. Tá an tionscadal trasteorann €2.5 milliún atá á chistiú faoi INTERREG IVA á sheachadadh tríd an Ionad Forbartha Réigiúnaí in Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan agus dearadh é chun smaointe gnó a mbaineann acmhainn mhaith leo a chur i bhfeidhm i réimse na tráchtála. Faoin tionscadal, tabharfar cúnamh an méid sin a chur i gcrích trí smaointe gnó inmharthana a thabhairt go tapa chuig an margadh trí mheantóireacht dhian, trí thacaíocht chomhairleoireachta agus trí rochtain ar fhaisnéis speisialtóireachta na hearnála gnó.

Díríodh aird ar an tionchar atá ag tionscadail forbartha fiontraíochta, arna gcistiú faoin gClár INTERREG IVA, ag mór-chomhdháil ghnó trasteorann i nDoire ag deireadh na Bealtaine. Bhí an t-imeacht ina chuid de Chomhdháil Bhliantúil Ionad Nuálaíochta Gnó na hEorpa agus ba dheis a bhí ann an rath atá ar an gClár a thaispeáint do na céadta toscairí ó ar fud na hEorpa. Rinne an FSCAE urrú ar an imeacht sin mar an ghníomhaíocht chumarsáide bhliantúil dá chuid le haghaidh INTERREG IVA do 2013.

I measc imeachtaí tionscadail suntasacha eile in 2013 bhí dúnadh an tionscadail 'Tellus Border', tionscadal a bhí an-nuálach ar fad, i mí Dheireadh Fómhair. Bhí sé ar cheann de na suirbhéanna geolaíochta ba shuntasaí a rinneadh riamh ar fud Oileán na hÉireann. Beidh an fhaisnéis a bailíodh mar chuid d e sholáthar an tionscadail ina cabhair maidir le bainistíocht comhshaoil fhadtéarmach agus ina taca maidir le forbairt inbhuanaithe ár n-acmhainní nádúrtha laistigh den réigiún teorann.

Soláthraíonn an FSCAE tuarascálacha rialta ar dhul chun cinn don Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas (CATT) ar sheachadadh na gClár PEACE III agus INTERREG IVA. Tionóladh dhá chruinniú ar leith (an 15ú agus an 16ú) leis an CATT in 2013.

Tionóladh an 15ú cruinniú idir an CATT agus an FSCAE ar an 10 Bealtaine 2013. Bhí Sammy Wilson MP CTR, an tAire Airgeadais agus Pearsanra, Brendan Howlin TD, an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Jennifer McCann CTR, Aire Sóisearach in Oifig an Chéad-Aire agus an Leas-ChéadAire, i láthair ag an gcruinniú.

Tionóladh an 16ú cruinniú idir CATT agus an FSCAE in oifigí Chomhrúnaireacht an CATT in Ard Mhacha ar an 6 Nollaig 2013. Bhí Brendan Howlin TD, an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Simon Hamilton CTR, an tAire Airgeadais agus Pearsanra, agus Jennifer McCann CTR, Aire Sóisearach in Oifig an Chéad-Aire agus an Leas-ChéadAire, i láthair ag an gcruinniú.

I rith na bliana tugadh cuireadh don FCSAE a bheith i láthair os comhair roinnt Coistí éagsúla de chuid Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann agus Rialtas na hÉireann. Tugann siadsan an deis don FSCAE aird a dhíriú ar an rath a bhíonn ar na cláir agus na tionscadail agus tionscnaimh éagsúla a dtacaíonn sé leo, agus chun tuairisc a thabhairt do bhaill thofa ar an obair a dhéanann an Foras.

Ar an 26 Meán Fómhair bhí mé i láthair os comhair an Chomhchoiste um Fhorfheidhmiú Chomhaontú Aoine an Chéasta. Ina theannta sin, bhí mé i láthair os comhair Choiste Feidhmiúcháin na Roinne Airgeadais agus Pearsanra de chuid Thuaisceart Éireann ar an 16 Eanáir agus arís ar an 12 Meitheamh.

Ar an 4 Samhain ghlac mé páirt i Siompóisiam Síochána Idirnáisiúnta sa Bhruiséil. Is í an Roinn Gnóthaí Eachtracha Phléimeannach a d'eagraigh an t-imeacht agus rinne roinnt buaiteoirí Dhuais Nobel na Síochána láithreoireachtaí, lena n-áirítear Herman Van Rompuy (Uachtarán na Comhairle Eorpaí), Betty Williams (Bunaitheoir agus Uachtarán na nIonad Domhanda Idirnáisiúnta um Atrua do Leanaí), Leymah Gbowee (Bunaitheoir agus Uachtarán ar Fhondúireacht Síochána Gbowee san Afraic) agus an tArdeaspag Desmond Mpilo Tutu.

Ar feadh 2013 d'oibrigh an FSCAE go crua chun leibhéil níos airde rannpháirtíochta a spreagadh sna Cláir Thrasnáisiúnta INTERREG IVB agus sna Cláir Idir-réigiúnacha INTERREG IVC. Tá go leor comhpháirtíochtaí tionscadail nua, nuálacha forbartha mar chuid den obair sin. Go dtí seo, tá €11 mhilliún bhreise faighte ag iarratasóirí tionscadal a bhfuil baint acu le rannpháirtíocht Thuaidh Theas sna cláir sin.

Tá an obair ar fhorbairt na gclár nua do 2014-2020 ag dul chun cinn. Tá comhairliúchán poiblí eile, de bhreis ar an gceann a rinneadh amach sa bhliain 2012, beartaithe do thús an tsamhraidh 2014. Déanfar ábhar agus socruithe seachadta féideartha na gclár nua a chomhaontú ansin sula gcuirfear isteach chuig an gCoimisiún Eorpach iad i mí Mheán Fómhair. Tar éis idirbheartaíocht deiridh leis an gCoimisiún tá súil againn glaonna cistithe do na cláir nua a oscailt in earrach na bliana 2015.



Pat Colgan
Príomhfheidhmeannach
An Foras um Chláir Speisialta an AE






*Fortheideal Grianghraif: Ceannairí an tionscadail Access 6, tionscadal atá á chistiú faoi INTERREG IVA agus atá dírithe ar chur le láimhdeachas díolacháin cuideachtaí bia agus dí ar bhonn trasteorann.*

# Ról an Fhorais um Chláir Speisialta an AE

## Ár misean

"Cláir cistithe a bhainistiú agus a chur i bhfeidhm go héifeachtach thar ceann an dá rialtas agus thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus iad dírithe ar fheabhsuithe sóisialta agus geilleagracha a sheachadadh do mhuintir Thuaisceart Éireann agus do mhuintir na hÉireann trí chomhoibriú trasteorann, trasnáisiúnta agus idir-réigiúnach."

## An Fhís atá Againn

"Feidhmeoidh an FCSAE mar ghníomhaire iontaofa de chuid an dá rialtas agus an Choimisiúin Eorpaigh agus cláir á mbainistiú agus á seachadadh aige lena bhfeabhsófar leas geilleagrach agus sóisialta an réigiúin. Beidh luachanna na hoscailteachta, na trédhearcachta agus na rochtana ina mbunchlocha ag a chuid oibre."

## Míniú ar an Ról atá Againn

**Is Foras Thuaidh/Theas é an Foras um Chláir Speisialta an AE, a bunaíodh faoin gComhaontú idir Rialtas na hÉireann agus Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann (an Comhaontú) a tháinig i bhfeidhm ar an 2 Nollaig 1999.**

**Leagtar síos sa Chomhaontú go gcuirfidh an FCSAE i bhfeidhm na beartais ar iarraidh ón gComhairle Aireachta Thuaidh Theas (CATT) mar a shonraítear iad san Ordú um Chomhoibriú Thuaidh Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann) 1999 agus san Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1999, arna leasú.**

Ina cháil mar ghníomhaire de chuid an dá rialtas, ba é an FCSAE an tÚdarás Bainistithe do na Cláir PEACE II agus INTERREG IIIA 2000-2006. Tá an dá chlár sin dúnta anois agus tá an FCSAE ag fanacht leis na híocaíochtaí ar na héilimh dheireanacha ón gCoimisiún Eorpach. Ó thús na bliana 2007 i leith, tá an FCSAE ag feidhmiú i ról an Údaráis Bainistíochta agus an Údaráis Deimhniúcháin do na Cláir PEACE III agus INTERREG IVA, agus is é a sholáthar an Chomhrúnaireacht Theicniúil (CRT) do na cláir sin. Ina fheidhm mar Údarás Bainistíochta, tá an FCSAE ina Chathaoirleach ar an dá Choiste Monatóireachta don dá chlár sin.

Tá ról leathan ag an FCSAE maidir le tacú le páirtíocht Thuaidh/Theas i gCláir Thrasnáisiúnta INTERREG IVB a bhaineann le Tuaisceart Éireann. Tá ról comhairleach agus comharthaíochta ag an FCSAE freisin maidir le páirtíocht Thuaidh/Theas sa chlár Idir-réigiúnach INTERREG IVC.

Beidh ról tábhachtach ag an FCSAE i ndáil le forbairt na gClár um Chomhar Críche Eorpach amach anseo sa chlárthréimhse nua 2014-2020. Tá sé iarrtha ag na Ballstáit ar an FCSAE na Cláir Oibriúcháin nua a fhorbairt. Beidh próiseas cuimsitheach comhairliúcháin ag an FCSAE agus ag a Ranna Coimircíochta i gceist leis sin, le réimse leathan páirtithe leasmhara seachtracha d'fhonn éifeachtúlacht gach cláir a thabharfar faoi amach anseo a uasmhéadú.




*Fortheideal Grianghraif: Tá páirc súgartha nua tógtha ag páirc foraoise Shliabh gCuillinn mar chuid den tionscadal CASA atá cistithe faoi INTERREG IVA.*

# Gnóthachtáil le hais Cuspóirí Corparáideacha (2011-2013)

| Cuspóirí Corparáideacha | Na Príomh-Aschuir |
|---|---|
| 1. 'Seachadadh éifeachtach, éifeachtúil na gClár PEACE III agus INTERREG IVA a chinntiú, agus a chinntiú go mbainfear amach cuspóirí na gclár agus go ndéanfar a dtionchar a uasmhéadú sna réigiúin.' | • Bhí cruinnithe an Choiste Monatóireachta don Chlár PEACE III ar siúl ar an 18 Aibreán 2013 i Muineachán agus ar an 16 Deireadh Fómhair 2013 in Oirthear Bhéal Feirste.<br>• Bhí cruinnithe an Choiste Monatóireachta don Chlár INTERREG IVA ar siúl ar an 9 Bealtaine i nGlaschú agus ar an 22 Deireadh Fómhair 2013 i nDoire.<br>• Tionóladh dhá Choiste Stiúrtha le haghaidh PEACE III agus trí Choiste Stiúrtha le haghaidh INTERREG IVA in 2013.<br>• Cuireadh Tuarascálacha Bliantúla Forfheidhmithe don dá Chlár isteach de réir sprioc-amanna an Choimisiúin Eorpaigh. |
| 2. 'Comhoibriú Thuaidh/Theas a chur chun cinn i ngach Clár Trasnáisiúnta agus i ngach Clár Idir-réigiúnach agus deiseanna a uasmhéadú do chách ar oileán na hÉireann a bheith páirteach sna cláir sin.' | • Faoi dheireadh 2013 bhí 69 comhpháirtí tionscadail ag glacadh páirte i 55 tionscadal éagsúla ar fud na hEorpa |
| 3. 'Comhairle a chur ar an gComhairle Aireachta Thuaidh/ Theas agus ar an dá Rialtas maidir le hullmhú Cláir AE ar bith sa todhchaí a bhainfidh le dualgais an FCSAE'. | • Tá cuireadh tugtha don FCSAE Cláir nua um Chomhar Críche Trasteorann a fhorbairt don tréimhse 2014-2020. |
| 4. 'Straitéisí éifeachtacha riaracháin, Cumarsáide, Airgeadais, TF agus Acmhainní Daonna a chur i bhfeidhm laistigh de chreat rialachais agus cuntasaíochta, d'fhonn feidhmíocht ghnó an FCSAE a fheabhsú.' | • Bhí mórimeachtaí faisnéise i gcomhair na gClár PEACE III agus INTERREG IVA ar siúl in 2013.<br>• Tugadh faoi mhéid shuntasach oibre ar Phlean Leanúnachais Ghnó agus Plean Téarnaimh sa Réimse TFC a fhorbairt do gach ceann de na trí oifig in 2013.<br>• Rinne an fhoireann Acmhainní Daonna comhordú ar shraith inmheánach seimineár a bhain le Cláir de chuid an AE in 2013. Chuir 8 mball foirne i gcrích oiliúint PRINCE II agus bhain ball foirne amháin amach Teastas i gCleachtais Imscrúdaitheachta.<br>• Lean an FCSAE ar aghaidh ag cur i bhfeidhm sraith beart éifeachtúlachta san áit oibre de réir an Phlean um Spáráil Airgid tríd an Éifeachtúlacht don tréimhse 2011-2013. Comhaontaíodh Plean eile um Spáráil Airgid tríd an Éifeachtúlacht don tréimhse 2014-2016. |



*Fortheideal Grianghraif: Bobbie Forrest, a ghlac páirt sa tionscadal 'Taithí agus Stair Chomhroinnte Messines' tríd an gComhpháirtíocht Thoir Thuaidh.*

# Forbhreathnú ar an gClár PEACE III (2007-2013)

Le tríocha bliain anuas, ó bunaíodh é i 1995, is mór an lán atá déanta faoin gClár PEACE chun cuidiú le cur leis an leibhéal rannpháirtíochta trasphobail agus an leibhéal athmhuintearais ar fud an réigiúin. Faoin gclár, tacaíodh leis na mílte tionscadal agus tionscnamh éagsúla a chabhraigh athrú dearfach a dhéanamh ar dhearcthaí; limistéir spáis a raibh conspóid ina leith a athrú; agus cur leis an tuiscint agus an athmhuintearas idir pobail agus daoine aonair a bhfuil tionchar díreach ag oidhreacht na coimhlinte orthu.

Faoin gClár PEACE atá á fheidhmiú faoi láthair, PEACE III, tógadh go forleathan ar obair na gclár roimhe seo. Is é príomhchuspóir an chláir, a bhfuil luach iomlán €333 milliún aige, an dul chun cinn i dtreo sochaí shíochánta, chobhsaí a threisiú. Ní hionann go díreach PEACE III agus an dá chlár a tháinig roimhe, áfach: dírítear go háirithe faoi PEACE III ar athmhuintearas a bhaint amach i measc pobal agus cuidiú le sochaí níos comhroinnte a chruthú.

Faoin gclár tá leibhéal suntasach infheistíochta leithdháilte ar thionscadail tógála caipitil ar scála mór, a fheidhmeoidh mar oidhreacht bhuan i leith na síochána fadtéarmaí agus an athmhuintearais ar fud an réigiúin. Le linn 2013, cuireadh roinnt de na tionscadail sin i gcrích nó baineadh amach garspriocanna tábhachtacha ó thaobh a dtógála.

Ina measc bhí Ionad Pobail Glen áit a mbíodh monarcha Bagúin Colin Glen, lena gcruthaítear limistéar coiteann nua idir Léana Dúin agus Suffolk, i mBéal Feirste. I measc na dtionscadal eile tá athchóiriú ar an SS Nomadic; tógáil leanúnach shaoráid spóirt Chluain Eois Éirne Thoir (*Peace Link)*; agus forbairt an tionscadail *Termon* i sráidbhaile Phaiteagó (Dún na nGall) agus i sráidbhaile Thulaigh Uí Thiomáin (Fear Manach).

Cuireadh líon mór tionscadal a bhí cistithe faoi na Comhpháirtíochtaí Síochána i gcrích go rathúil i dtreo dheireadh na bliana 2013. Trí gach ceann de na 14 chomhpháirtíocht, lena ndéantar ionadaíocht ar na húdaráis áitiúla ar fud Thuaisceart Éireann agus Réigiún Teorann na hÉireann, tugadh tacaíocht do na céadta tionscnamh atá dírithe go háitiúil agus a bhfuil dúshlán á dtabhairt acu do dhearcthaí i leith seicteachais agus ciníochais d'fhonn cabhrú le caidreamh dearfach a thógáil idir gach pobal.

A lán de na tionscadail a fuair cistiú chun cabhrú leis an am atá caite a admháil agus déileáil leis, tá siad curtha i gcrích anois nó tá na céimeanna deiridh á dtógáil ina leith. Faoi na tionscnaimh sin, arna mbainistiú ag Pobal, cuireadh comhairle, comhairleoireacht agus cineálacha eile tacaíochta ar fáil d'íospartaigh, dá ngaolta agus dóibh siúd a thugann aire dóibh.

Tá ag éirí go han-mhaith i gcónaí le príomhthosaíocht institiúideach an Chláir PEACE III, agus táthar ag teannadh le clabhsúr rathúil a chur le roinnt tionscadal atá ann cheana féin. Áirítear leo sin an tionscnamh um Múineadh Staire Comhroinnte; an tionscadal BRIC um thithíocht chomhtháite; agus an clár um Meas ar Dhifríocht in earnáil an Oideachais faoi Luathbhlianta.

Faoi dheireadh na bliana 2013 bhí cistiú ceadaithe faoin gClár PEACE III le haghaidh 215 tionscadal san iomlán, dar luach €305,799,750. Dírítear aird sna cás-staidéir seo a leanas, ar bhonn níos mionsonraithe, ar chuid den obair an-tábhachtach atá á tacú trí Chlár PEACE III an Aontais Eorpaigh.

## Ionad Pobail Glen

Tá an obair tógála ar ionad acmhainní trasphobail saintógtha nua idir Léana Dúin agus Suffolk i mBéal Feirste beagnach curtha i gcrích. Tá tuairim is luach £4m tacaíochta faighte ag an tionscadal ó Chlár PEACE III an AE agus beidh sé ina chabhair maidir le héascú a dhéanamh ar leibhéil níos airde teagmhála dearfaí idir mhuintir na háite ar Protastúnaigh agus Caitlicigh iad.

Déanfar an teagmháil sin a spreagadh trí sheirbhísí tacaíochta pobail, atá ag teastáil go géar, a sholáthar laistigh den ionad, lena n-áireofar saoráidí naíolainne; club iarscoile do leanaí na háite; seirbhís comhairleoireachta; chomh maith le hoideachas aosach agus tacaíocht oiliúna. Nuair a bheidh an struchtúr críochnaithe, áireofar leis chomh maith halla ilfheidhmeach mór ar féidir úsáid a bhaint as i gcomhair a lán imeachtaí trasphobail, idir imeachtaí cultúrtha agus imeachtaí spóirt.

Beidh seirbhísí tacaíochta an tionscadail á gcur ar fáil ag Fóram Pobail Léana Dúin; Grúpa Ban Léana Dúin; Grúpa Óige agus Tuismitheoirí Phobal Glen agus Grúpa Comhéadain Léana Dúin agus Suffolk. Is é Apex Housing an ceannpháirtí don tionscadal agus bhí sé páirteach san fhorbairt a thabhairt chun cinn go dtí an staid ina bhfuil sé anois.



*Fortheideal Grianghraif: (ó chlé go deas) John McCandless, an FCSAE, Gerry Kelly, Apex Housing agus an tAire Forbartha Sóisialta Nelson McCausland, CTR agus iad ar thuras ar láithreán tógála thionscadal Phobal Glen.*

## ‘Ealaín’ Chothú na Síochána

Tá thart ar £1.72 milliún bronnta faoi Chlár PEACE III an AE ar an gclár ‘Cothú na Síochána trí na hEalaíona – Ath–íomháú a dhéanamh ar Phobail’. Le linn a chur i bhfeidhm, tacófar faoin gclár le seachadadh suas go dtí 80 tionscadal a bheidh bunaithe sa phobal ar fud Thuaisceart Éireann agus Réigiún Teorann na hÉireann, agus tairgfear deontais de suas le £15,000 do thionscadail bheaga agus suas go dtí £50,000 do thionscnaimh ealaíne poiblí ar scála níos mó.

Beidh gach ceann de na tionscnaimh eagraithe ar bhonn trasphobail, agus beidh béim ar leith ar dhaoine óga agus ar ghrúpaí mionlaigh eitneacha. Is iad grúpaí áitiúla pobail agus grúpaí deonacha a bheidh taobh thiar de gach ceann de na tionscadail ealaíne, a mbainfear leas astu mar bhealach chun dúshlán na hiompraíochta seictí agus na hiompraíochta ciníche a chur trí chaidreamh pobail níos dearfaí a thógáil.

Ní mór do gach tionscadal deiseanna a shainaithint agus a sholáthar do phobail chun an chaoinfhulaingt a chur chun cinn, agus leas á mbaint acu as na healaíona chun a chur in iúl cé hiad féin agus tábhacht an chultúir dóibh. Cruthófar limistéir phoiblí a bheidh beoga, tarraingteach agus cuimsitheach de bharr obair an chláir. Sheol an LeasChéad-Aire, Martin McGuinness, CTR go hoifigiúil é ag amharclann an Playhouse i nDoire ar an 28 Feabhra, 2013, agus é in éineacht le Róisín McDonough, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann.



*Fortheideal Grianghraif: Ag seoladh an tionscadail atá bunaithe ar na healaíona tá (clé go deas) an Dr Adrian Johnston, Cathaoirleach an Chiste Idirnáisiúnta d’Éirinn, Róisín McDonough, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann, Tuaisceart Éireann, an LeasChéad-Aire Martin McGuinness, CTR agus Pat Colgan, Príomhfheidhmeannach an FSCAE.*

## Ag Cruthú Naisc idir an tSíocháin agus an Spórt



*Sracfhéachaint ar an tsaoráid nua a seolfar an bhliain seo chugainn.*

Nochtadh an t-ainm oifigiúil atá ar an lárionad spóirt a chosain €7.8 milliún agus a cistíodh faoi chlár PEACE III an AE ar an 30 Iúil 2013. Tar éis próiseas cuimsitheach comhairliúcháin, cinneadh an 'Peace Link' a ghlaoch ar an tsaoráid nua, atá fós á tógáil, leis an gceannlíne 'Ag Cruthú Naisc idir an tSíocháin agus an Spórt'..

Nuair a bheidh an tionscadal curtha i gcrích, beidh suíomh 14 acra i Lios Éigeartáin i gCluain Eois athraithe ina shaoráid spóirt nua-aimseartha a bheidh feistithe go hiomlán, atá ceaptha chun óstáil a dhéanamh ar mhórchomórtais spóirt. Is é ceann de phríomhchuspóirí an tionscadail cur le leibhéal an chomhtháthaithe trasphobail agus trasteorann ar fud an cheantair áitiúil trí limistéar coiteann a chruthú ina soláthrófar saoráidí ardteicneolaíochta do go leor traidisiún éagsúil spóirt.

I measc na saoráidí beidh rian lúthchleasaíochta 8 lána, 400m i gcomhair cluichí raoin is faiche; páirc spóirt ilchuspóra ina mbeidh tuilsoilsiú; cúirt chispheile faoi dhíon; seomraí feistis agus páirceáil leordhóthanach do charranna agus chóistí. Tá an tionscadal á sheachadadh ag Coiste Chomhpháirtíocht Spóirt Chluain Eois Thoir, faoi stiúir Chomhairle Contae Mhuineacháin, agus táthar lena chríochnú in 2014.

Ag trácht dó ar an ainm a roghnaíodh don tionscadal sa deireadh, dúirt Declan McKernan, Cathaoirleach an Choiste

> *"Tá an t-ainm 'Peace Link' ina shamhailchomhartha ar éiteas agus spiorad na saoráide maidir le rannpháirtíocht thrasphobail agus rannpháirtíocht thrasteorann a nascadh trí mheán an spóirt i réigiún na hÉirne Thoir agus níos faide anonn."*

## Tagann Eaglaisí le chéile ar son na Síochána

Tá roinnt eaglaisí éagsúla tagtha le chéile chun cabhair a thabhairt maidir le seachadadh tionscadail nua dar luach £1.3 milliún atá cistithe faoi chlár PEACE III an AE, ar a dtugtar 'Tionscadal Síochána Eaglaisí na hÉireann'. Tá an tionscadal dírithe ar an dea-chaidreamh, an athmhuintearas agus an obair síochána a chur chun cinn ar leibhéal straitéiseach agus ar leibhéal áitiúil araon, agus is éard atá i gceist leis ná comhpháirtíocht idir an Eaglais Chaitliceach Rómhánach, an Eaglais Phreispitéireach agus an Eaglais Mheitidisteach, Eaglais na hÉireann agus Comhairle Éireannach na nEaglaisí.

Seoladh an tionscadal i mí Dheireadh Fómhair 2013 agus cabhróidh sé le heaglaisí tionchar dearfach a bheith acu ar a gcuid pobal. I ngach ceann de na réimsí a mbeidh an tionscadal ag feidhmiú iontu, sainaithneofar na leibhéil atá ann faoi láthair i ndáil leis an deighilt, an imeallú agus an aonrú sóisialta. Déanfar comparáid idir iad agus tionscnaimh ar ann dóibh cheana faoi threoir na heaglaise, laistigh de na réimsí sin, chun a fheiceáil cad iad na hacmhainní breise atá de dhíth chun leathnú a dhéanamh ar an obair atá ar siúl cheana féin.

Ina theannta sin, soláthróidh an tionscadal tacaíocht idirghabhála fheabhsaithe chun cabhrú le ceisteanna conspóideacha áitiúla a réiteach idir pobal na bProtastúnach agus pobal na gCaitliceach, agus forbrófar eolaire d'acmhainní dea-chaidrimh agus athmhuintearais lena n-úsáid ag eaglaisí. Tá sé tiomanta freisin do chás-staidéir éifeachtacha um obair dhea-chaidrimh, athmhuintearais agus shíochána a bhfuil baint ag eaglaisí áitiúla léi a chruthú agus a fhoilsiú.



*Fortheideal Grianghraif: Sa ghrianghraf (ó chlé go deas) ag seoladh an tionscadail tá an Modhnóir Preispitéireach, an Dr Rob Craig; Príomháidh Eaglais na hÉireann, an tArdeaspag Richard Clarke; an tUachtarán Modhach, an Dr Heather Morris; an Stiúrthóir Tionscadail, Keith Hamilton; Uachtarán Chomhairle Éireannach na nEaglaisí, an tAthair Oirmhinneach Godfrey O'Donnell; agus an tArd-Easpag Eamonn Martin ag déanamh ionadaíochta ar an gCairdinéal Brady.*



*Fortheideal Grianghraif: An Dáma Evelyn Glennie agus í ar an stáitse ag an Imeacht Sensonic i nDoire mar chuid d'imeacht a d'eagraigh an Tionscadal Rannpháirtíochta Céadfaí.*

# Forbhreathnú ar an gClár INTERREG IVA (2007-2013)

Agus é bunaithe ar na ceachtanna atá le foghlaim ó na Cláir INTERREG roimhe seo, tá INTERREG IVA ceaptha chun tacú le comhar straitéiseach trasteorann ionas go mbeidh an réigiún níos rathúla agus níos inbhuanaithe. Tá luach iomlán €256 milliún aige agus tá sé dírithe go sonraithe ar gheilleagar dinimiciúil a fhorbairt; tacú le bonneagar trasteorann agus cur chun cinn a dhéanamh ar bhealaí nuálacha chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna agus saincheisteanna trasteorann ar leith.

Feidhmíodh Cláir INTERREG roimhe seo ar bhonn trasteorann idir Tuaisceart Éireann agus Éire. Tar éis athshainiú a rinne an tAontas Eorpach ar theorainneacha muirí, áirítear le INTERREG IVA Iarthar na hAlban, agus an deis comhoibriú a chur chun cinn idir Albain, Éire agus Tuaisceart Éireann, chomh maith le leanúint ar aghaidh leis an gcomhoibriú idir Tuaisceart Éireann agus Éire agus tógáil ar an gcomhoibriú sin.

De bharr Iarthar na hAlban a bheith cuimsithe den chéad uair sa chlár, tá gné nua curtha lena chur chun feidhme tríd an deis a thabhairt na naisc traidisiúnta chultúrtha, gheilleagracha agus shóisialta idir Éire, Albain agus Tuaisceart Éireann a fhorbairt.

Faoin gClár, tá méid suntasach cúnaimh tugtha do thionscadail atá dírithe ar an bhfiontraíocht faoina bhfuil cúnamh á thabhairt do ghnólachtaí beaga agus do ghnólachtaí meánmhéide ar fud an réigiúin a bheith níos iomaíche. Tá an fócas sin ar thacaíocht don fhorbairt gheilleagrach léirithe sa deontas £12m do Pháirc Réigiúnach Eolaíochta an Iarthuaiscirt i nDoire, a chuideoidh deiseanna infheistíochta breise a ghiaráil laistigh den gheilleagar réigiúnach. Bhí tionchar nach beag ar fhorbairt fiontar, ar bhonn trasteorann, ag roinnt tionscnamh tacaíochta gnó eile lena n-áirítear 'i-Factory', 'Tradelinks II', 'ICE', 'Access 6' agus an tionscnamh 'VITAL'.

Tá leibhéal ard tacaíochta tugtha freisin do thionscadail atá dírithe ar an gcomhshaol faoina bhfuiltear ag glacadh le cur chuige comhoibríoch trasteorann ar réimse saincheisteanna ar nós cosaint agus athchóiriú gnáthóg; bainistíocht mara éifeachtach, agus cineálacha cur chuige nua maidir le hathchúrsáil eisiltigh.

I gcás an tionscadail IBIS, mar shampla, atá ag fáil thart ar £6m de chistiú, táthar ag tógáil saoráid taighde agus oiliúna den scoth ar Loch Lomond. Nuair a bheidh sí críochnaithe, soláthrófar oiliúint speisialaithe do ghlúin nua cleachtóirí acmhainní uisceacha sa tsaoráid nua taighde, teagaisc agus chónaithe sin.

Faoi dheireadh na bliana 2013 bhí cistiú ceadaithe faoin gClár INTERREG IVA do 86 tionscadal san iomlán, arb ionann é agus luach €242,725,311. Dírítear aird sna cás-staidéir seo a leanas, ar bhonn níos mionsonraithe, ar chuid den obair an-tábhachtach atá á tacú trí Chlár INTERREG IVA an Aontais Eorpaigh.

## Feabhas a chur ar Chruthaitheacht Réigiúnach

Tá thart ar £3.5milliún tugtha do thionscadal nua a ceapadh chun forbairt a dhéanamh ar Earnáil na Cruthaitheachta, ar bhonn trasteorann. Seoladh an tionscadal, ar a dtugtar 'Honeycomb Creative', go hoifigiúil i Meán Fómhair 2013 i rith na seachtaine CultureTECH i nDoire.

Tá an tionscadal á sheachadadh ag Ollscoil Uladh i gcomhar le hInstitiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan agus le hInstitiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn. Soláthróidh sé feabhsú scileanna agus réimse leathan seirbhísí tacaíochta gnó eile do dhaoine aonair agus do ghnólachtaí atá ag obair laistigh de na hearnálacha seo a leanas: na scannáin agus an craoladh, beochan, cearrbhachas agus na meáin idirghníomhacha. Áireofar leis an tacaíocht sin cúnamh taighde, deiseanna líonraithe, forbairt scileanna agus cistiú tionscadail féideartha.

Le linn a thréimhse seachadta, déanfaidh Honeycomb Creative éascú freisin ar roinnt ceardlanna, imeachtaí agus comhdhálacha éagsúla a ceapadh chun faisnéis agus dea-chleachtas a chomhroinnt laistigh d'earnáil na dTionscal Cruthaitheach.



*Fortheideal Grianghraif: Bainfidh go leor gnólachtaí éagsúla i réimse na dTionscal Cruthaitheach tairbhe as an tionscadal, ar bhonn trasteorann.*

## Rian Turasóireachta Nua Uile-Oileáin na dTithe Solais

I Meán Fómhair freisin, rinneadh seoladh oifigiúil ar thionscnamh nua turasóireachta uile-oileáin faoina n-athrófar cúig theach solais atá fós i seirbhís ar fud Thuaisceart Éireann agus i Réigiún na Teorann ina gcinn scríbe a mbeidh an-fhonn ag turasóirí cuairt a thabhairt orthu.

Fuair an tionscadal breis is €2.5 milliún cúnaimh ó Chlár INTERREG IVA an AE, agus tá sé á sheachadadh ag Coimisinéirí Soilse na hÉireann. Is leis na Coimisinéirí sin 75 teach solais atá i seirbhís ar fud chósta na hÉireann, a bhfuil go leor acu oiriúnach d'fhorbairt na turasóireachta.

Tá ról ríthábhachtach ag gach ceann de na tithe solais sin maidir le sábháilteacht ar muir, ach tá siad uathoibrithe anois agus iad gan foireann. Tá cóiríocht ag dul le gach teach solais, suas le cúig theach i gcásanna áirithe, ar féidir iad a chur ar fáil anois do thurasóirí.

Tacófar le 60 post faoin tionscadal le linn na tréimhse tógála agus cruthófar deich bpost nua nuair a bheidh na saoráidí i seirbhís. Tá cúig shuíomh i gceist i gcéim a hAon de thionscadal Rian Uile-Oileáin na dTithe Solais, trí cinn i dTuaisceart Éireann agus dhá cheann i nDún na nGall. Beidh siadsan i dteannta na sé shuíomh atá i seirbhís in Éirinn cheana féin, agus tá sé beartaithe go mbeidh idir 15-20 teach solais ag feidhmiú mar chuid de rian turasóireachta ar fud chósta na hÉireann sa deireadh.



*Fortheideal Grianghraif: Sa phictiúr (ó chlé go deas) ag seoladh oifigiúil an tionscadail tá Pat Colgan, Príomhfheidhmeannach an FCSAE, Aire Turasóireachta Thuaisceart Éireann, Arlene Foster, Aire Turasóireachta na hÉireann, Leo Varadkar, agus Príomhfheidhmeannach Choimisinéirí Soilse na hÉireann, Yvonne Shields ag Teach Solais an Chinn Dhuibh, An Cionn Bán.*

## An tionscadal ConneXions á Cheiliúradh

Rinne an tionscadal 'Connexions' ceiliúradh le déanaí ar an tionchar dearfach a bhí aige ar shaol na rannpháirtithe ag searmanas bronnta speisialta ag Halla na Cathrach i nDoire.

Tacaítear faoin tionscadal le daoine faoi mhíchumas, a bhfuil cónaí orthu ar an dá thaobh den teorainn, trí bhíthin imeachtaí lena músclaítear an mhuinín, rud a chuireann ar chumas na ndaoine sin caidreamh dearfach a bheith acu laistigh dá bpobail áitiúla.

Tá sé á sheachadadh ag Fondúireacht Cedar, i gcomhpháirtíocht leis an Líonra Náisiúnta Foghlama agus oibríonn sé le daoine i nDún na nGall agus i limistéar an Fheabhail i dTuaisceart Éireann. Fuair an tionscadal tuairim is £0.5 milliún de thacaíocht, agus chuidigh sé leis na céadta daoine faoi mhíchumas a bheith ina mbaill ghníomhacha ina bpobail trí shraith clár forbartha pearsanta, cuairteanna malartaithe agus imeachtaí líonraithe eile.

Ag labhairt dó faoin tionscadal, dúirt Stephen Matthews, Príomhfheidhmeannach Fhondúireacht Cedar: "Tá dhá phríomhghné atá mar bhonn lenár gcuid oibre: an tiomantas chun tacaíocht a thabhairt dár n-úsáideoirí seirbhíse chun a n-acmhainneacht iomlán a bhaint amach agus an tuiscint nach féidir an méid sin a bhaint amach ach amháin trí chomhpháirtíochtaí éifeachtacha."



*Fortheideal Grianghraif: Sa phictiúr (ó chlé go deas) tá Joanne Barnes, Bainisteoir Tionscadail Connexions, Alan Lesley, Cathaoirleach Fhóram Úsáideoirí Cedar (An Feabhal), an Comhairleoir Martin Reilly, Méara Dhoire, an Comhairleoir Ian McGarvey, Méara Dhún na nGall agus David Cregan, rannpháirtí in Connexions (An Feabhal).*

## Tabhair Uair an Chloig don Dúlra

Seoladh feachtas nua a bhí dírithe ar chur leis an bhfeasacht faoin gcomhshaol i míonna an gheimhridh in 2013. Tá an feachtas, ar a dtugtar 'Tabhair Uair an Chloig don Dúlra', ina chuid de thionscnamh 'Gníomhaíocht don Bhithéagsúlacht' a bhfuil cistiú £0.8 milliún faighte aige agus lena spreagtar pobail áitiúla, ar bhonn trasteorann, chun baint réamhghníomhach a bheith acu le cleachtais um chosaint an chomhshaoil.

Tionscnamh trí bliana is ea 'Gníomhaíocht don Bhithéagsúlacht' faoina gcuirfear cistiú ar fáil do níos mó ná 80 tionscadal éagsúla dúlra um chaomhnú an chomhshaoil. Faoin tionscnamh freisin, forbrófar Creat Bithéagsúlachta trasteorann don réigiún chun comhairlí, pobail agus gnólachtaí áitiúla a spreagadh chun pleananna a tháirgeadh agus a chur i bhfeidhm maidir le gnáthóga tosaíochta agus speicis ainmhithe a chosaint.




*Fortheideal Grianghraif: Tá an feachtas 'Tabhair Uair an Chloig don Dúlra' dírithe ar dhaoine a spreagadh chun níos mó ama a chaitheamh amuigh faoin aer agus cuidiú an comhshaol nádúrtha a chosaint.*

# INTERREG IVB agus IVC (Trasnáisiúnta agus Idir-réigiúnach)

Tá ról lárnach ag an FCSAE maidir le rannpháirtíocht an Tuaiscirt agus an Deiscirt sna Cláir Thrasnáisiúnta agus sna Cláir Idir-réigiúnacha (INTERREG IVB agus IVC) a éascú, agus is é an FCSAE atá i gceannas ar an gCéad Leibhéal Rialaithe do gach comhpháirtí as Tuaisceart Éireann atá ag obair de réir na gclár sin.

Is iad na Cláir ghaolmhara in INTERREG IVB ná Clár Iarthuaisceart na hEorpa; Clár Limistéar an Atlantaigh; agus Clár Fhorimeall an Tuaiscirt (is é FCSAE atá mar Phointe Teagmhála Réigiún Thuaisceart Éireann don chlár sin).

I dtreo dheireadh na bliana 2013, d'fhreastail an FCSAE ar chomhdháil bhliantúil Chlár Iarthuaisceart na hEorpa in Roubaix na Fraince. Baineadh leas as an imeacht chun fís Chlár Iarthuaisceart na hEorpa do 2014-2020 a nochtadh agus áiríodh leis sraith de sheisiúin plé idirghníomhaigh le tuairim is 500 rannpháirtí ó naoi dtír éagsúla.

Beidh an clár ag díriú amach anseo ar thrí phríomhthéama lena n-áirítear 'Nuálaíocht', 'Réitigh Ísealcharbóin' agus ' Éifeachtacht Acmhainní agus Ábhar'. Tá roinnt gníomhartha atá beartaithe chun cabhrú le freastal ar na cuspóirí comhaontaithe ag dul le gach téama.

Laistigh den téama 'Réitigh Ísealcharbóin', tá tiomantas an tearcrochtain fuinnimh a laghdú ar fud chríocha Iarthuaisceart na hEorpa, réitigh nua a thástáil agus a chur i bhfeidhm maidir le córais iompair thrasnáisiúnta atá báúil don chomhshaol, agus léiriú a dhéanamh ar an gcumas chun tosú ag úsáid teicneolaíochtaí nó réitigh táirge ísealcharbóin.

Laistigh den téama 'Nuálaíocht', tá tiomantas chun cumas nuálaíochta na réigiún agus na críocha a fhorbairt, feabhas a chur ar fheidhmíocht nuálaíochta agus iomaíochas na ngnólachtaí, agus buntáistí forleathana na nuála don phobal a sheachadadh chun saol na saoránach Eorpach a shaibhriú.

Laistigh den téama 'Éifeachtacht Acmhainní agus Ábhar', tá tiomantas chun próisis agus teicneolaíochtaí athchúrsála a bharrfheabhsú, táirgí agus seirbhísí nach bhfuil chomh dian ar ábhair a dhearadh agus spreagadh a thabhairt ionas go bhforbrófar réitigh eile atá nuálach ó thaobh an chomhshaoil.

Ag deireadh na bliana 2013, bhí 54 tionscadal ina raibh 67 comhpháirtí as Tuaisceart Éireann páirteach sna cláir thrasnáisiúnta agus idir-réigiúnacha agus bhí comh-rannpháirtíocht Thuaidh/Theas i gceist le 35 tionscadal acu siúd.

## Éifeachtúlacht Fuinnimh ar Bhonn Áitiúily

Le tionscadal nua éifeachtúlachta fuinnimh, a bheidh ar siúl ar feadh trí bliana agus a bheidh cistithe faoi Chlár Fhorimeall an Tuaiscirt, táthar ag díriú ar spreagadh a thabhairt maidir le cur le húsáid ábhar agus seirbhísí in-athnuaite nó athchúrsáilte d'fhoirgnimh bhaile.

NEES (*Natural Energy Efficiency and Sustainability* nó Éifeachtúlacht Fuinnimh Nádúrtha agus Inbhuaine) is ainm don tionscadal, atá forbartha ag Ionad Chorcaí don Oideachas Ailtireachta (*Cork Centre for Architectural Education* nó CCAE). Chuaigh an CCAE i mbonn comhpháirtíochta le seacht gcinn d'fhiontair shóisialta agus de ghníomhaireachtaí taighde ar fud na hEorpa, lena n-áirítear Ollscoil Uladh, chun cuidiú leis an tionscadal a fhorbairt. Tá gach ceann de na páirtithe atá i gceist ag iarraidh aghaidh a thabhairt ar an easpa taighde agus forbartha maidir le táirgí agus seirbhísí atá bunaithe ar tháirgí agus ar phróisis nádúrtha.

Sampla iontach de chur chuige NEES i gcleachtas is ea tionscadal Theach Drumalla i gCarnlach, Contae Aontroma, le déanaí.  Ba é aidhm an tionscadail, ar fhorbair Grúpa Baile Oaklee é i gcomhpháirtíocht le hOllscoil Uladh, forbairt nua tithíochta sóisialta ina mbeadh 11 teach a dhearadh agus a thógáil, a bhainfeadh amach Leibhéal 4 den Chód do Thithe Inbhuanaithe trí leas a bhaint as ábhair in-athnuaite mar mhalairt rogha ar chineálacha traidisiúnta tógála. I gcomhair chreatlach na scéime, úsáidtear creat adhmaid le sraith sheachtrach de chnáibchréit (déanta as an bplanda cnáibe agus as aol hiodrálach) in ionad coincréite. An méid CO2 a ionsúitear agus an chnáib á fás, déantar fritháireamh leis ar an CO2 a tháirgtear i ndéantús an cheanglóra agus táirgtear CO2 breise thairis sin; agus trí leas a bhaint as an táirge beidh laghdú beagnach 40% déanta ar an méid dé-ocsaíde carbóin a bheidh corpraithe i dtógáil na dtithe. Tá sé ina aidhm leis an tionscnamh seo freisin measúnú a dhéanamh ar bhailíocht an chineáil mhalartaigh foirgnimh sin ó thaobh na féidearthachta i ndáil le forbairt amach anseo, chomh maith le tomhaltas fuinnimh a scrúdú. Tá tuilleadh eolais faoin tionscadal ar fáil ag http://neesonline.org/




*Fortheideal Grianghraif: Norry McBride, Stuart Thompson, Elaine Ramsey agus Derek Bond, a bhí páirteach sa tionscadal NEES.*



*Fortheideal Grianghraif: Ghlac Sarajit Chanda, úinéir an ghnólachta anlann 'Aruna' páirt rathúil sa Chlár Tradelinks II, a fhaigheann tacaíocht faoi Chlár INTERREG IVA an AE.*

# Cur in iúl na Teachtaireachta

## Mórghníomhaíocht Faisnéise – an Clár PEACE III

Ghlac an FSCAE páirt i gcomhdháil mhór sa Bhruiséil ag tús na bliana. Bhí an t-imeacht, dar teideal ‘Ag tabhairt Pobail Dheighilte le chéile,’ á óstáil ag Ard-Stiúrthóireacht an Bheartais Réigiúnaigh. D’fhreastail os cionn 250 rannpháirtí air, agus bhí 300 duine eile ag breathnú air ar líne trí shruthú gréasáin beo.

Ag croílár na comhdhála bhí fianaise ó thionscadail chistithe lenar tugadh léargas ar an obair a dhéantar faoi na Cláir PEACE, ó bunaíodh iad i 1995, agus ar an tionchar a mbíonn acu ar shaol na ndaoine. I measc na dtionscadal a rinne cur i láthair ag an imeacht bhí ‘Sacar do Chách’, ó Chumann Sacair na hÉireann agus



*Teya Sepinuck, ón tionscadal ‘Theatre of Witness’, agus í ag cur síos ar an tionchar a bhí ag an tionscadal ar na daoine a ndeachaigh an choinbhleacht i bhfeidhm orthu ar bhonn díreach.*

‘Theatre of Witness’ ó Ionad Acmhainne an Iarthuaiscirt (The Playhouse).

Bhí láithreoireachtaí ann freisin ó Choimisinéir an AE do Bheartas Réigiúnach, Johannes Hahn, ó Chéad-Aire agus LeasChéad-Aire Thuaisceart Éireann agus ó Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe na hÉireann, Brendan Howlin, TD.

Díreach tar éis na comhdhála d’eagraigh an FCSAE taispeántas de thionscadail a cistíodh faoi PEACE III, ar tugadh cuireadh do na rannpháirtithe cuairt a thabhairt orthu in Oifig Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann sa Bhruiséil.




*Fortheideal Grianghraif: Coimisinéir an AE do Bheartas Réigiúnach, Johannes Hahn, ag labhairt ag an gcomhdháil ‘Ag tabhairt Pobail Dheighilte le chéile’ sa Bhruiséil.*

# Mórghníomhaíocht Faisnéise – an Clár INTERREG IVA

D'oibrigh an FSCAE taobh le NORIBIC chun cuidiú le mór-chomhdháil ghnó trasteorann a sheachadadh i nDoire, ar an 30 agus an 31 Bealtaine 2013, i bhFóram na Mílaoise. Bhí an t-imeacht ina chuid de Chomhdháil Bhliantúil Ionad Nuálaíochta Gnó na hEorpa agus deis a bhí ann don FCSAE aird a dhíriú ar an tacaíocht atá ar fáil do thionscadail forbartha fiontraíochta arna gcistiú faoi Chlár INTERREG IVA an AE.

I measc na bpríomhchainteoirí ag an gcomhdháil bhí Steve Wozniak, comhbhunaitheoir an bhranda ilnáisiúnta Apple; Sir Tim Smit KBE, cruthaitheoir an Tionscadail Eden agus Benjamin Southworth, Leas-Phríomhfheidhmeannach agus Ceann Pobail ag an Eagraíocht Infheistíochta *Tech City* i Londain.

Mar chuid den chomhdháil, rinne an FSCAE comhordú ar thrí sheastán taispeántais tionscadal ar leith, inar díríodh ar thionscadail éagsúla atá cistithe faoi INTERREG, lena n-áirítear an tionscnamh líonraithe um fhuinneamh in-athnuaite 'REN-NET'. D'fhreastail thart ar 500 toscaire ó ar fud na hEorpa ar an gcomhdháil dhá lá. Cruthaíodh eagrán speisialta, a bhí dírithe ar an bhfiontraíocht, de *Your EU* (Geimhreadh/Earrach) freisin lena dháileadh ag an imeacht.

# An Clár PEACE III ag Síneadh Láimhe Amach

Ag tús mhí na Bealtaine, tugadh cuireadh don FSCAE macasamhlú a dhéanamh ar ghnéithe den mhór-chomhdháil síochána ar chabhraigh sé í a eagrú sa Bhruiséil ag tús na bliana, ach iad i bhFoirgnimh na Parlaiminte ag Stormont an tráth seo.

Thug Coiste Tionóil an Chéad Aire agus an LeasChéad-Aire cuireadh don FSCAE, mar aon le trí thionscadal arna gcistiú faoi PEACE, chun cur síos a dhéanamh ar a gcuid oibre do roinnt CTRanna agus roinnt oifigeach rialtais. Cuireadh an t-imeacht ar siúl d'aon ghnó i gcomhthráth le cuairt ó Aire Stáit na Ríochta Aontaithe um an Eoraip, David Lidington, a bhí tógtha go háirithe le caighdeán agus obair an Chláir.

Tugadh cuireadh d'ionadaithe ó thrí thionscadal arna gcistiú faoi PEACE III lena n-áirítear 'Sacar do Chách', 'Theatre of Witness' agus Comhairle Cathrach Bhéal Feirste chomh maith chun labhairt ag cruinniú faisnéise ardphróifíle a d'eagraigh an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála.

Bhí an t-imeacht ar siúl i dtailte mhúsaem Chath na Bóinne i nDroichead Átha agus bhí sé ina chuid de shraith cruinnithe faisnéise d'Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh.




*Sa phictiúr (ó chlé go deas) ag imeacht Thionól Thuaisceart Éireann tá Pat Colgan, Príomhfheidhmeannach an FCSAE, Aire Stáit Ró-Onórach na Ríochta Aontaithe um an Eoraip, David Lidington, Stiúrthóir an tionscadail Theatre of Witness, Teya Sepinuck agus Mike Nesbitt, CTR.*

Bhí breis is 70 ambasadóir de chuid an AE, ó ar fud na hEorpa, i láthair lena gcuid foirne tacaíochta agus chuala siad faoin taithí phearsanta a bhí ag daoine ar an obair atá ar bun i gcomhair chothú na síochána ar fud Thuaisceart Éireann agus Réigiún Teorann na hÉireann.

Thug gach duine a bhí i láthair aiseolas thar a bheith dearfach, agus ina measc bhí Brian Hayes TD, Aire Stáit na hÉireann d'Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí agus Oifig na nOibreacha Poiblí, in éineacht le hAire Sóisearach Thuaisceart Éireann, Jennifer McCann, CTR.

## Coinbhleachtaí a Chosc, Cothú na Síochána agus an AE

Ar an 20 Meitheamh, tugadh cuireadh do Pat Colgan, Príomhfheidhmeannach an FCSAE, labhairt le toscaireacht idirnáisiúnta ag comhdháil um chothú na síochána a d'eagraigh Oifig Idirchaidrimh na hEorpa um Chothú na Síochána, sa Chipir.
Le linn an chruinnithe, tugadh an deis do na cainteoirí agus na rannpháirtithe araon a bheith páirteach i ndíospóireacht faoi éachtaí an AE maidir le cothú na síochána agus maidir le coinbhleachtaí a chosc. Tugadh le chéile ag an imeacht ionadaithe ó rialtas na Cipire, ó institiúidí éagsúla an AE, ón tsochaí shibhialta agus ón lucht léinn.

## Na Meáin Shóisialta

Tá leathanach Facebook cruthaithe ag an FSCAE (Foras um Chláir Speisialta an AE – FSCAE) agus tá Cuntas Twitter (@FSCAE) oscailte aige.

Bainfear leas as an dá ardán sin chun aird a dhíriú ar an obair thionscadail den scoth atá á seachadadh faoi chláir PEACE III agus INTERREG IVA an AE.

Tá na hardáin á mbainistiú ag Foireann Chumarsáide an FCSAE, agus beidh ábhar úr, bríomhar a bhaineann le hinneachar na gclár ar fáil iontu.

## Ag Amharc Chun Tosaigh, Cláir Nua 2014-2020

Roimh thimthriall nua na gclár do 2014-2020, d'iarr an Roinn Airgeadais agus Pearsanra i dTuaisceart Éireann agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in Éirinn ar an FCSAE forbairt a dhéanamh ar inneachar na gclár PEACE IV agus INTERREG V.

I dtreo dheireadh na bliana 2012, chomhordaigh an FCSAE comhairliúchán poiblí ar fhreastail os cionn 1,000 duine air agus a bhfuarthas níos mó ná 170 freagra i scríbhinn ina leith. Bhí an comhairliúchán ceaptha chun tuairimí a lorg ó gach príomhpháirtí leasmhar maidir le hinneachar, cur chun feidhme agus bearta féideartha seachadta agus simplithe do na cláir nua.

I rith 2013, d'oibrigh an FSCAE ar inneachar na gclár nua a fhorbairt bunaithe ar an aiseolas a fuarthas le linn an chomhairliúcháin tosaigh. Rinneadh an obair sin i gcomhairle leis an nGrúpa Stiúrtha um Fhorbairt Chlár, atá comhdhéanta d'ionadaithe ó na Ballstáit, comhpháirtithe sóisialta, an earnáil phobail agus an earnáil dheonach agus na ranna rialtais ábhartha.

Tá comhairliúchán poiblí eile don chlárthréimhse nua beartaithe le haghaidh an tsamhraidh 2014 chun a chinntiú go mbeidh na cláir réidh lena gceadú ag an gCoimisiún Eorpach, roimh an spriocdháta um chur isteach i Meán Fómhair 2014.



*Fortheideal Grianghraif: Sa phictiúr (ó chlé go deas) tá Agnieszka agus Alicja Zieba agus iad ag glacadh páirte sa tionscadal 'Cothú na Síochána trí na hEalaíona - Ath-íomháú a dhéanamh ar Phobail' atá cistithe faoi chlár PEACE III an AE.*

# Na Cuntais Bhliantúla

## don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2013

## Réamhrá leis na Cuntais

### Faisnéis Chúlra

Is Comhlacht Forfheidhmithe Thuaidh Theas é an Foras um Chláir Speisialta an AE atá faoi choimirce na Roinne Airgeadais agus Pearsanra i dTuaisceart Éireann agus na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in Éirinn. Bunaíodh an FCSAE ar an 2 Nollaig 1999 faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta 1998 agus faoi Chomhaontú na Breataine-na hÉireann lenar bunaíodh comhlachtaí forfheidhmithe, a bhfuil an tOrdú um Chomhoibriú Thuaidh Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann) 1999 agus an tAcht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann ina mbuntacaí ina leith. Tuairiscíonn an FSCAE don Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas agus is iad na príomhfheidhmeanna atá aige Cistí Struchtúracha áirithe an AE, amhail PEACE agus INTERREG, a riar agus, leis sin, tacaíocht a chur ar fáil do réimse clár forbartha agus athnuachana i dTuaisceart Éireann, sna réigiúin teorann in Éirinn, agus in Iarthar na hAlban.

Ullmhaíodh na cuntais seo i gcomhréir leo seo a leanas:

- Na socruithe airgeadais atá i gCuid 7 d'Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Comhaontú na Breataine-na hÉireann lenar bunaíodh Comhlachtaí Forfheidhmithe;
- Treoir ón Roinn Airgeadais agus Pearsanra agus ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe mar a fhoráiltear di i Meamram Airgeadais an FCSAE; agus
- An Treoir maidir le Tuarascálacha Bliantúla agus Cuntais ón Roinn Airgeadais agus Pearsanra agus ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

### Léargas Gnó

Tá léargas ar ghníomhaíochtaí an Fhorais um Chláir Speisialta an AE agus ar fhorbairtí amach anseo le fáil sa Tuarascáil Bhliantúil.

### oncam agus Caiteachas na Bliana

Tá ioncam agus caiteachas an Fhorais um Chláir Speisialta an AE leagtha amach go mion ar leathanach 39. B'ionann an barrachas don bhliain agus €0.2k (Stg £0.2k) - 2012: €0.6k (Stg £0.5k)

### Sócmhainní Seasta

Tá sonraí ar ghluaiseacht na sócmhainní seasta leagtha amach i Nóta 8 a ghabhann leis na cuntais. Le linn na bliana, bhain an príomhchaiteachas ar shócmhainní seasta le crua-earraí agus bogearraí TF.

### Taighde agus Forbairt

Ní raibh caiteachas suntasach ar bith sa réimse seo.

### Imeachtaí Tábhachtacha a Tharla Tar éis Dheireadh na Bliana

Níor tharla imeacht tábhachtach ar bith ó bhí deireadh na bliana ann a raibh tionchar aige ar na Cuntais seo.

### Tabhartais Charthanachta

Ní dhearna an Foras um Chláir Speisialta an AE tabhartas carthanachta ar bith le linn na bliana airgeadais.

### Comhaltaí Boird

Is é an Príomhfheidhmeannach a chomhlíonann feidhmeanna an FCSAE. Níl comhalta boird ar bith ann.

Níl stiúrthóireacht ná leas ar bith eile ag an bPríomhfheidhmeannach a bheadh ag teacht salach ar a chuid freagrachtaí bainistíochta

### Íocaíocht le Soláthraithe

Tá tiomantas ag an bhForas um Chláir Speisialta an AE maidir le billí a íoc go pras i ndáil le hearraí agus seirbhísí de réir an Achta um Íocaíocht a Dhéanamh Déanach i leith Fiach Tráchtála (Ús) 1998 sa Ríocht Aontaithe, arna leasú leis na Rialacháin um Íocaíocht a Dhéanamh Déanach i leith Fiach Tráchtála 2013, agus de réir Rialacháin na hÉireann um Íocaíocht a Dhéanamh Déanach in Idirbhearta Tráchtála 2013.

Mura bhfuil a mhalairt sonraithe sa chonradh, bíonn íocaíocht dlite taobh istigh de 30 nó 45 lá, de réir mar is cuí, ón lá a fhaightear na hearraí nó na seirbhísí, nó ón lá a chuirtear i láthair sonrasc bailí nó éileamh comhchosúil, cibé ceann acu is déanaí.

Tá riail um íocaíocht phras taobh istigh de 30 lá i bhfeidhm i ngach Oifig de chuid an FCSAE, beag beann ar an dlínse as a dtagann an bille. In athbhreithnithe rialta a rinneadh lena thomhas cé chomh pras agus a d’íoc an Foras um Chláir Speisialta an AE a chuid billí, fuarthas amach gur íocadh 98.3% (2012 - 98%) de na billí de réir an chaighdeáin sin.

I mí na Nollag 2008, tugadh treoir do na Comhlachtaí Poiblí tacú le gnólachtaí trí gach iarracht a dhéanamh íocaíochtaí a dhéanamh le soláthraithe laistigh de 10 lá ón lá a fhaightear sonrasc bailí. In 2013 d’íoc an FCSAE 78% dá chuid shonrasc laistigh de 10 lá. (2012: 73%)

Tá Téarmaí agus Coinníollacha leagtha síos ag an FSCAE, maidir le Deontais a Íoc, i ndáil leis na Ranna Cuntasacha ionas go ndéanfar íocaíochtaí le tionscadail tríd an Aonad Láraithe Íocaíochtaí. Fágann sin go mbíonn ar an FCSAE íocaíochtaí a dhéanamh le tionscadail laistigh de 8 lá oibre ón tráth a fhaightear éileamh bailí.

Baineadh an sprioc sin amach i gcás **96.39%** (2012 - 99.8%) de na híocaíochtaí a rinneadh le linn na bliana, agus seo a leanas anailís orthu:

| | Líon na Sonrasc | Déanach | % in am |
|---|---|---|---|
| PEACE III | 1,156 | 29 | 97.49% |
| INTERREG IVA | 977 | 48 | 95.09% |
| Iomlán | 2,133 | 77 | 96.39% |

### An Beartas Sláinte agus Sábháilteachta

Tá Beartas Sláinte agus Sábháilteachta scríofa ullmhaithe ag an FCSAE agus tá sé curtha chuig gach ball foirne. Tá an beartas ag teacht leis na riachtanais dhlíthiúla a chaithfear a chomhlíonadh maidir le sláinte agus sábháilteacht sa dá dhlínse sa dóigh is gur féidir leis an FCSAE ardchaighdeán sláinte agus sábháilteachta a bhaint amach san eagraíocht.

### Fostaithe atá faoi Mhíchumas

Is léiriú é Plean Gníomhaíochta um Míchumais an FCSAE 2011-2013 ar an tiomantas atá ag an bhForas um Chláir Speisialta an AE a chuid dualgas reachtúil a chomhlíonadh de réir Alt 49A den Acht in aghaidh Idirdhealú ar bhonn Míchumais, 1995.

Tá bearta sa phlean a chuirfidh an FCSAE i bhfeidhm lena chinntiú go mbainfear amach comhionannas deiseanna, ní

hamháin dá chuid fostaithe féin, ach freisin i gcás iarratasóirí agus fostaithe sa todhchaí. Déantar athbhreithniú agus nuashonrú ar an bplean gach trí bliana de réir thráthchlár Pleanála Corparáidí an FCSAE.

Tá tiomantas ag an FCSAE maidir le bheith ag caitheamh le gach ball foirne agus le gach iarratasóir ar fhostaíocht atá faoi mhíchumas le dínit agus le meas, agus cuirfidh sé timpeallacht oibre ar fáil atá saor ó idirdhealú mídhleathach, ó íospairt agus ó chiapadh ar bhonn míchumais.

Go sonrach, tá sé mar aidhm ag an FCSAE:

- Timpeallacht dhearfach oibre a chur chun cinn ina nglactar gan cheist le daoine atá faoi mhíchumas;
- An timpeallacht oibre agus na cleachtais oibre a scrúdú lena chinntiú go mbainfear constaicí, nuair is féidir, lena gcuirtear isteach ar chumas na mball foirne sin atá faoi mhíchumas a bheith lánpháirteach sa saol san FCSAE;
- Timpeallacht shábháilte oibre a chur ar fáil;
- A chinntiú go ndéanfar forbairt ar scileanna agus mianach na mball foirne sin atá faoi mhíchumas, trí oiliúint agus trí fhorbairt foirne; agus
- Rochtain a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas ar réimse iomlán na ndeiseanna earcaíochta agus forbartha gairme atá ar fáil.

Tá an plean atá ann faoi láthair á athbhreithniú. Tá plean athbhreithnithe don tréimhse Pleanála Corparáidí 2014-2016 á fhorbairt, agus cuirfear i bhfeidhm é nuair a bheidh comhairliúchán curtha i gcrích.

The current plan is under review. A revised plan for the 2014-2016 Corporate Planning period is under development, and will be adopted following consultation.

### Páirtíocht na bhFostaithe

Coinnítear na fostaithe ar an eolas faoi fhorbairtí ar bhonn foirmiúil agus neamhfhoirmiúil araon, agus thug siad faoi roinnt tionscnamh a bhain leis an mbeartas earcaíochta, le soláthar oiliúna agus le bainistiú áitreabh agus áiseanna.



Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

10 Iúil 2014

# Ráiteas maidir le Freagrachtaí

Tá treoir tugtha ag an Roinn Airgeadais agus Pearsanra agus ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe don Fhoras um Chláir Speisialta an AE ráiteas cuntas a ullmhú don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig san fhormáid agus ar an mbonn atá leagtha amach sa treoir chuntas atá mar aguisín leis na ráitis airgeadais seo. Ullmhaítear na cuntais ar bhonn fabhraithe agus ní mór go dtabharfaí léargas fírinneach cóir iontu ar chúrsaí an FCSAE ag deireadh na bliana, ar a chuid ioncaim agus caiteachais, ar na gnóthachain agus caillteanais iomlána aitheanta, agus ar shreabhadh airgid don bhliain féilire.

Agus na cuntais á n-ullmhú acu, ní mór don FCSAE an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Déanamh de réir na treorach cuntas arna n-eisiúint ag na Ranna Coimircíochta, na riachtanais ábhartha chuntasaíochta agus nochta san áireamh, agus beartais chuntasaíochta a chur i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach;
- Breithiúnais agus meastacháin réasúnacha a dhéanamh;
- A shonrú cibé ar cloíodh le caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe nó nár cloíodh leo, agus difríocht nithiúil ar bith sna ráitis airgeadais a nochtadh agus a mhíniú; agus
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach, mura bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh an FSCAE ag feidhmiú.

Tá freagrachtaí an Phríomhfheidhmeannaigh ina cháil mar Oifigeach Cuntasaíochta don Fhoras um Chláir Speisialta an AE, lena n-áirítear an fhreagracht as cuibheas agus rialtacht cistí poiblí agus as taifid chearta a choinneáil, leagtha amach sa Mheamram Airgeadais.

# Ráiteas faoi Rialú Inmheánach

### Scóip na freagrachta

Tá sé mar fhreagracht ormsa, i mo cháil mar Oifigeach Cuntasaíochta, córas slán rialaithe inmheánaigh a choinneáil ar bun lena gcuidítear le beartais, aidhmeanna agus cuspóirí an FCSAE a bhaint amach agus, san am céanna, cistí poiblí agus sócmhainní an fhorais a chosaint, sócmhainní a bhfuil freagracht phearsanta orm ina leith, de réir na bhfreagrachtaí a shanntar dom in *Managing Public Money Northern Ireland* agus sna Gnáthaimh Airgeadais Phoiblí.

Tá cur síos sonrach sa Mheamram Airgeadais idir an FCSAE agus a ranna coimircíochta ar fhreagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta (an Príomhfheidhmeannach), laistigh de chreat airgeadais agus gnó. Caithfidh an FCSAE feidhmiú de réir na gcaighdeán agus na treorach ar ghnáthaimh chuntasaíochta agus airgeadais, mar atá leagtha amach sa lámhleabhar *Managing Public Money (NI)*. Tá Comhaontuithe Seirbhíse i bhfeidhm lena rialaítear an caidreamh idir an FCSAE agus Ranna Cuntasacha, lena n-áirítear na freagrachtaí atá ar gach páirtí.

### Cuspóir an chórais rialaithe inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun bainistiú réasúnta a dhéanamh ar rioscaí agus níl sé de chuspóir leis an gcóras sin an baol go dteipfidh orainn ár mbeartais, ár n-aidhmeanna agus ár gcuspóirí a bhaint amach a dhíchur

ar fad. Dá bhrí sin, ní féidir ach dearbhú réasúnach éifeachtachta a thabhairt, agus ní dearbhú absalóideach.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh bunaithe ar phróiseas leanúnach atá deartha chun rioscaí i leith feidhmiú beartas agus baint amach aidhmeanna agus cuspóirí an FCSAE a aimsiú agus a chur in ord tosaíochta, chun an dóchúlacht go bhfíorófar na rioscaí sin a mheasúnú mar aon lena dtionchar dá dtitfidís amach, agus chun bainistiú éifeachtúil, éifeachtach, tíosach a dhéanamh orthu. Bhí an córas rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm san Fhoras um Chláir Speisialta an AE le linn na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2013 agus suas go dtí dáta faofa na tuarascála bliantúla agus na gcuntas, agus cuireadh i bhfeidhm é de réir threoir na Roinne Airgeadais.

### An acmhainn maidir le rioscaí a láimhseáil

Tá gnáthaimh iomchuí curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go bhfuil cuspóirí agus rioscaí an FCSAE sainaitheanta agam agus go bhfuil straitéis rialaithe cinntithe agam i dtaca le gach ceann de na rioscaí suntasacha. Mar thoradh air sin, tá rioscaí sannta don fhoireann chuí agus tá dearcadh an FCSAE i leith rioscaí agus gnóthú a chuid cuspóirí leagtha amach aige.

Chinntigh mé go bhfuil gnáthaimh i bhfeidhm lena dhearbhú go ndéantar athbhreithniú agus tuairisciú rialta ar ghnéithe den bhainistíocht riosca agus den rialú inmheánach. Tá measúnú iomlán rioscaí agus rialaithe déanta don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2013. Tá an bhainistíocht rioscaí fite go hiomlán sa phróiseas pleanála corparáidí agus sa phróiseas cinnteoireachta atá ag an FCSAE. Ní mór don fhoireann bhainistíochta tuairiscí rialta a thabhairt dom maidir leis na príomhrioscaí atá sainaitheanta a d'fhéadfadh cur isteach ar a réimse oibre féin. Faighim tuairiscí tréimhsiúla faoi rialú inmheánach. Tá na céimeanna iomchuí á nglacadh chun rioscaí a bhainistiú i réimsí suntasacha freagrachta agus chun monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn sna príomhthionscadail.

### An creat rioscaí agus rialaithe

I rith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2013, rinne an FSCAE an méid seo a leanas:

- Shainigh sé agus chuir sé in iúl Dearcadh na hEagraíochta ó thaobh Rioscaí;
- Rinne sé athbhreithniú agus nuashonrú rialta ar thaifead na rioscaí a d'fhéadfadh bheith le sárú ag an eagraíocht;
- Chuir sé i bhfeidhm córas príomhtháscairí feidhmíochta agus rioscaí;
- Choinnigh sé ar bun Coiste Iniúchóireachta agus Rioscaí, i gcomhréir leis an dea-chleachtas;
- Choinnigh sé clár rioscaí a bhaineann leis an eagraíocht ina hiomláine; agus
- Rinne sé socruithe le go ndéanfadh Stiúrthóirí agus Bainisteoirí an FSCAE tuairisc ar ghníomhaíochtaí rialaithe inmheánaigh.

### Dearbhú maidir le Faisnéis

Aithním an fhreagracht atá orm gach faisnéis a láimhseáil go cruinn agus go slán, agus í a cheapadh agus a phróiseáil go cruinn, go háirithe sa chás ina bhféadfadh sí a bheith á húsáid ag tríú páirtithe nó ina bhféadfadh codanna eile den rialtas a bheith ag brath uirthi. Tá na gníomhartha seo a leanas déanta d'fhonn an fhreagracht sin a chomhlíonadh go héifeachtach:

- Tá an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha ceaptha mar Oifigeach Sinsearach an FSCAE um Riosca Faisnéise. Tá

dearbhú dá réir faighte ag an Oifigeach sin ó bhainisteoirí, a bhfuil ceisteanna faisnéise curtha san áireamh acu ina gcuid clár rioscaí féin, a ndéantar tuairisciú orthu ar bhonn míosúil.

- Tá Oifigeach Faisnéise ceaptha chun cúnamh a thabhairt maidir le Beartais Faisnéise an FCSAE a chur i bhfeidhm go leanúnach agus tá iniúchadh faisnéise curtha i gcrích, ina ndearna an fhoireann ar fad measúnú ar réimsí coiteanna an dea-chleachtais, na rioscaí agus na bhfeabhsuithe atá de dhíth.

### Athbhreithniú ar éifeachtacht

I mo cháil mar Oifigeach Cuntasaíochta, táim freagrach freisin as éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh a athbhreithniú. Bíonn m'athbhreithniú ar an gcóras rialaithe inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus ar obair na mbainisteoirí san FCSAE a bhfuil forbairt agus cothabháil an chreat rialaithe inmheánaigh faoina gcúram, agus ar ráitis a rinne na hiniúchóirí seachtracha ina dtuarascáil dóibh siúd a bhfuil rialú agus tuairiscí eile mar fhreagracht orthu. Chuir an Coiste Iniúchóireachta agus Rioscaí comhairle orm maidir leis na himpleachtaí atá ag torthaí an athbhreithnithe a rinne mé ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh, agus tá plean i bhfeidhm chun dul i ngleic le laigí agus chun a chinntiú go mbeidh an córas á fheabhsú ar bhonn leanúnach.

Faoi alt 59 de Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle, tá Údarás Iniúchóireachta sannta ag na Ballstáit chun freagracht a ghlacadh as a dheimhniú go bhfuil an córas rialaithe bainistíochta á fheidhmiú go héifeachtach. Tá foireann sa Roinn Airgeadais agus Pearsanra i dTuaisceart Éireann sannta leis an ról sin a chomhlíonadh, agus tá an fhoireann sin cuntasach go díreach do Choimisiún an AE. Tá sainfhreagracht bhreise ar an Údarás Iniúchóireachta ina leith seo a leanas:

- Iniúchadh a dhéanamh ar oibríochtaí bunaithe ar shampla iomchuí d'fhonn an caiteachas a fhógraítear a dheimhniú;
- Plean iniúchóireachta a chur faoi bhráid an Choimisiúin;
- Tuarascálacha Bliantúla Rialaithe agus Tuairimí Iniúchóireachta a chur faoi bhráid Choimisiún an AE (tá tuairimí neamhcháilithe iniúchóireachta eisithe don bhliain 12/13).

Cuirtear na tuarascálacha sin ar fáil don FCSAE, do na Ranna Coimircíochta, agus don Choiste Iniúchóireachta agus Rioscaí.

Tá Comhaontú Seirbhíse ag an FCSAE le hIniúchóir Inmheánach na Roinne Airgeadais agus Pearsanra, a bhíonn ag obair de réir na gcaighdeán atá leagtha síos i gCaighdeáin Iniúchóireachta Inmheánaí an Rialtais. Faightear tuairiscí rialta, lena n-áirítear tuairim neamhspleách Cheann na hIniúchóireachta Inmheánaí maidir le leordhóthanacht agus éifeachtacht chóras rialaithe inmheánaigh an FCSAE, mar aon le moltaí lena fheabhsú. Deonaíodh leibhéal dearbhaithe bliantúil 'sásúil' foriomlán i gcomhair na bliana 2013. Bhí leibhéal dearbhaithe bliantúil ar a laghad 'sásúil' ina thoradh ar gach ceann de na hiniúchtaí aonair in 2013 - cé is moite de ghné amháin d'iniúchadh amháin (i ndáil leis an gCuibhreannas, agus déileáladh le saincheisteanna ina leith go pras ina dhiaidh sin chun sástacht an fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí).

Ó am go chéile, déanann Cúirt Iniúchóirí na hEorpa iniúchadh breise ar an FCSAE i gcomhthéacs Ráiteas Dearbhaithe do Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa. Dírítear in iniúchtaí den chineál sin ar shampla den chaiteachas atá deimhnithe agus curtha isteach chuig an gCoimisiún. Bhain an t-iniúchadh deireanach den chineál sin, a rinneadh go luath sa bhliain 2011, le PEACE III. Comhaontaíodh torthaí an iniúchta sin leis an gCoimisiún Eorpach agus níor tháinig aon cheisteanna suntasacha a bhaineann leis an FCSAE chun solais dá bharr.

Tháinig Ciste Iniúchóireachta agus Rioscaí an FCSAE le chéile ceithre huaire in 2013 agus pléadh réimse saincheisteanna, na córais rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm san FCSAE san áireamh. Bhí cathaoirleach neamhspleách agus comhalta neamhspleách amháin eile ina gcomhaltaí gníomhacha den Choiste Iniúchóireachta agus Rioscaí ar feadh na bliana 2013.

Is iad seo a leanas na daoine a bhí ina gcomhaltaí den Choiste Iniúchóireachta agus Rioscaí le linn na bliana:

**Cathaoirleach Neamhspleách**
Brendan Mullan

**Independent Member**
Joe Campbell

**Ionadaí na Roinne Airgeadais agus Pearsanra**
Maura Young (go dtí Meitheamh 2013),
Frank Duffy (ó Iúil 2013 i leith)

**Ionadaí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe**
Gearoid O'Keeffe

Tá freagrachtaí an Choiste ina n-iomláine leagtha amach sna Téarmaí Tagartha atá aige, agus áirítear leo comhairle a chur ar an Oifigeach Cuntasaíochta faoin méid seo a leanas:

– na próisis straitéiseacha maidir le rioscaí, rialú agus rialachas;

– na cuntais, na beartais chuntasaíochta agus an tuarascáil bhliantúil;

– gníomhaíochtaí atá beartaithe maidir le hiniúchadh inmheánach agus seachtrach; agus

– dearbhuithe maidir le rialachas agus bainistiú na gClár AE.

D'fhonn cuidiú leo na freagrachtaí sin a chomhlíonadh, tagann an Coiste le chéile lena éifeachtacht féin a athbhreithniú agus faigheann na comhaltaí ar fad na miontuairiscí ó Chruinnithe míosúla na Foirne Ardbhainistíochta chomh maith.

Ullmhaíonn an Coiste Tuarascáil Bhliantúil ina mbíonn achoimre ar a chuid gníomhaíochta i rith na bliana.

Rinne an Roinn Airgeadais agus Pearsanra agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe athbhreithniú foirne sa dara leath de 2012. Moladh sa tuarascáil sin líon na bpost san FSCAE a laghdú go dtí 60 in 2013 agus go dtí 57 in 2014. Ghlac an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas leis na moltaí sin ar an 6 Nollaig 2013. Baineadh amach an sprioc maidir leis an líon foirne a laghdú go dtí 60 in 2013, agus tá tiomantas san áireamh i bplean gnó an FSCAE do 2014 an líon foirne a laghdú go dtí 57.

Bhí an 'Cuibhreannas' (Comhlacht Idirmheánach comhdhéanta den Chomhairle um Chaidreamh Pobail agus Pobal) faoi chonradh ag an FCSAE chun

deontas domhanda, a bhí curtha ar fáil ag an gCoimisiún Eorpach agus ag an Rialtas Lárnach faoi choinne gníomhaíochtaí áirithe a bhfuil cuspóirí ar leith leo (beart 1.2 den chlár PEACE III), a dháileadh agus a riar.

Bhí na gníomhaíochtaí sin leagtha amach ina gconradh, agus rinne an FCSAE monatóireacht ar a bhfeidhmíocht os coinne an chonartha sin. Lena chois sin, bhí cruinnithe déthaobhacha ag Údarás Bainistíochta an FCSAE leis an gCuibhreannas uair sa ráithe chun monatóireacht a dhéanamh ar sholáthar a gcuid seirbhísí. Ina theannta sin, rinne an tÚdarás Bainistíochta 'Spotseiceálacha' ar thionscadail an Chuibhreannais agus rinne sé monatóireacht ar an mbuiséad a bhí aige um Chúnamh Teicniúil. Nuair a cuireadh deireadh leis an gconradh leis an gCuibhreannas ar an 31 Nollaig 2013, aistríodh na 3 (CLA 2.5) bhall foirne de chuid na Comhairle um Chaidreamh Pobail a bhí ag déanamh bainistíochta ar 17 dtionscadal go dtí an FCSAE faoi Athrú Soláthair Seirbhíse a thagann faoin Rialachán um Chosaint Fhostaithe ar aistriú Gnóthas. Thosaigh na baill foirne sin i mbun oibre ar an 1 Eanáir 2014, agus tá siad de bhreis ar líon foirne lárnaí an FSCAE. Leanfaidh Pobal ar aghaidh ag soláthar na seirbhíse a soláthraíodh roimhe seo i ndáil le 20 tionscadal, faoi chonradh nua a bheidh i bhfeidhm go dtí Meitheamh 2015.

Tá an FSCAE tiomanta do chalaois a chosc agus cultúr frithchalaoise a chur chun cinn. Níl aon ghlacadh ag an FSCAE le calaois agus éilíonn sé ar an bhfoireann, ar na Ceannpháirtithe, agus ar na tairbhithe deiridh a bheith ag gníomhú go macánta agus go hionraic i gcónaí, agus tuairisc a thabhairt ar gach amhras réasúnach faoi chalaois. Déanfaidh an FSCAE imscrúdú ar gach uile chás ina ndéantar calaois, idir chalaois iarbhír, iarracht ar chalaois, agus chalaois amhrasta, agus déanfaidh sé iarracht cistí agus sócmhainní a cailleadh trí chalaois a fháil ar ais. Tá béim shoiléir á cur ag an FSCAE ar chosc a chur ar chalaois agus tá tús curtha aige le sraith cleachtaí chun cultúr frithchalaoise a chur chun cinn laistigh de na Cláir.

Tá líon beag cásanna tromchúiseacha tagtha chun cinn maidir le tionscadail arna gcistiú trí na Cláir a bhíonn á mbainistiú ag an FCSAE. Nuair ba chuí, tarraingíodh siar tairiscintí cistithe agus eisíodh orduithe athghabhála, agus tá fiosruithe leanúnacha ar bun i gcásanna áirithe. Cuireadh Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann ar an eolas nuair ba chuí. Tá tuilleadh sonraí le fáil i nóta 23 a ghabhann leis na cuntais seo. Tá mé sásta nach léiriú iad teacht chun cinn na gcásanna sin ar laigí córasacha i gcreat rialaithe inmheánaigh an FCSAE, ach mar sin féin cuirfear cibé ceachtanna atá foghlamtha ó na cásanna ar leith san áireamh i gcórais agus i ngnáthaimh amach anseo. I rith 2013, chuir an FCSAE clár suntasach oiliúna ar fáil do chomhpháirtithe tionscadail agus do cheannpháirtithe, agus bhí na leibhéil tinrimh an-ard.



Pat Colgan
Oifigeach Cuntasaíochta
10 Iúil 2014

# Deimhniú na nArd-Reachtairí Cuntas agus Ciste Chuig Tionól Thuaisceart Éireann agus chuig Tithe an Oireachtais

Tá iniúchadh déanta againn ar cuntais an Fhorais um Chláir Speisialta an AE (an Foras) don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2013 de bhun fhorálacha an Ordaithe um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann) 1999 agus de bhun an Achta um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1999 lena gceanglaítear orainn na cuntais a chuireann an Foras faoinár mbráid a iniúchadh agus a dheimhniú ar bhonn comhoibríoch.
Cuimsítear leis na cuntais an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Ráiteas maidir le Gnóthachain agus Caillteanais Iomlána Aitheanta, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid, agus na nótaí agus an t-aguisín a ghabhann leo. Ullmhaíodh na cuntais seo de réir na mbeartas cuntasaíochta atá leagtha amach iontu.

## Freagrachtaí an Fhorais, an Phríomhfheidhmeannaigh agus na nIniúchóirí faoi seach

Mar atá mínithe ar bhonn níos iomláine sa Ráiteas maidir le Freagrachtaí, tá an Foras freagrach as na cuntais a ullmhú agus as a chinntiú go dtabharfar léargas fírinneach cóir iontu. Ina cháil mar Oifigeach Cuntasach, tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as cuibheas agus rialtacht a chinntiú maidir le húsáid cistí poiblí. Is é an fhreagracht atá orainne na cuntais a iniúchadh agus a dheimhniú de réir fhorálacha an Ordaithe um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann) 1999 agus an Achta um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1999. Rinne muid ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (an Ríocht Aontaithe agus Éire). De réir na gcaighdeán sin, éilítear orainne agus ar ár bhfoirne déanamh de réir Chaighdeáin Eitice na Comhairle um Chleachtais Iniúchóireachta d'Iniúchóirí.

## Raon feidhme an iniúchta ar na cuntais

Is éard atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a fháil maidir leis na méideanna agus an nochtadh sna cuntais atá leordhóthanach chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na cuntais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó de bharr earráide é. Áirítear leis sin measúnú ar an méid seo a leanas: cé acu an amhlaidh nó nach amhlaidh go bhfuil na beartais chuntasaíochta iomchuí d'imthosca an Fhorais agus go bhfuil siad curtha i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach agus nochta go leordhóthanach; réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta atá déanta ag an bhForas; agus cur i láthair foriomlán na gcuntas. Ina theannta sin, léimid an fhaisnéis airgeadais agus an fhaisnéis neamhairgeadais ar fad sa Tuarascáil Bhliantúil agus sa Réamhrá chun aon neamhréireacht ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a shainaithint, agus chun aon fhaisnéis a shainaithint a dhealraíonn sé a bheith mícheart ar bhonn na faisnéise arna bhfáil againn agus an t-iniúchadh á dhéanamh againn, nó a bheith ar neamhréir léi ar bhonn ábhartha. Má thagann sé chun feasa dúinn go ndealraíonn sé go bhfuil míráiteas nó neamhréir nithiúil ar bith iontu, breathnaímid ar na himpleachtaí a bheidh aige sin maidir leis an deimhniú uainn.

Lena chois sin, ceanglaítear orainn fianaise leordhóthanach a aimsiú chun dearbhú réasúnach a thabhairt gur cuireadh an caiteachas agus an t-ioncam atá tuairiscithe sna cuntais i bhfeidhm de réir na gcuspóirí a bhí ceaptha ag Tionól Thuaisceart Éireann agus ag Tithe an Oireachtais agus go bhfuil na hidirbhearta

airgeadais ag teacht leis na húdaráis a rialaíonn iad.

### Tuairim ar Rialtacht

Is é ár dtuairim gur cuireadh an caiteachas agus an t-ioncam a bhfuil taifead orthu sna cuntais i bhfeidhm maidir le gach gné nithiúil de réir na gcuspóirí a bhí ceaptha ag Tionól Thuaisceart Éireann agus ag Tithe an Oireachtais agus go bhfuil na hidirbhearta airgeadais a bhfuil taifead déanta orthu sna cuntais ag teacht leis na húdaráis a rialaíonn iad.

### Béim ar Ábhar – Caiteachas Neamh-incháilithe

Gan ár dtuairim a cháiliú, dírímid aird ar Nóta 23, ina leagtar amach stádas reatha na n-imscrúduithe ar shé thionscadal, a cistíodh i mblianta atá caite, ar sainaithníodh caiteachas neamh-incháilithe £1.2 milliún ina leith, agus dhá imscrúdú nua chomh maith.

### Tuairim ar na cuntais

Is é ár dtuairim é:

- o dtugtar léargas fírinneach cóir sna cuntais ar ghnóthaí an Fhorais amhail an 31 Nollaig 2013 agus ar a bharrachas, ar a ghnóthachain agus caillteanais iomlána aitheanta agus ar a shreabhadh airgid don bhliain dar chríoch ar an dáta sin; agus

- gur ullmhaíodh na cuntais i gceart de réir fhorálacha an Ordaithe um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann) 1999 agus an Achta um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1999 agus de réir na dtreoracha a eisíodh faoin Ordú agus faoin Acht sin.

### Tuairim ar chúrsaí eile

Is é ár dtuairim go bhfuil an fhaisnéis sa Réamhrá don bhliain airgeadais a bhfuil na cuntais ullmhaithe faoina coinne ag teacht leis na cuntais.

### Cúrsaí a ndéanfaimid tuairisc orthu ar bhonn eisceachtaí

Déanaimid tuairisc ar bhonn eisceachtaí sa chás:

- nach bhfuil na cuntais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta; nó

- nach bhfuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad atá de dhíth orainn dár n-iniúchadh; nó

- nach bhfuil an fhaisnéis atá sa Tuarascáil Bhliantúil ag teacht leis na cuntais ghaolmhara; nó

- nach bhfuil an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach ag teacht leis an treoir chuí ar rialachas corparáideach.

Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis na nithe sin a ndéantar tuairisciú orthu ar bhonn eisceachtaí.

K J Donnelly
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcomhair Thuaisceart Éireann
Oifig Iniúchóireachta Thuaisceart Éireann
106 Sráid na hOllscoile
Béal Feirste
BT7 1EU

11 Iúil 2014

Seamus McCarthy
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste na hÉireann
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2
Éire

15 Iúil 2014

## Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2013

| IONCAM | Nótaí | 2013 €'000 | 2012 €'000 | 2013 £'000 | 2012 £'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Deontas ó Ranna | 2 | **2,331** | 2,501 | **1,979** | 2,027 |
| Ioncam Oibriúcháin Eile | 4 | **2** | 2 | **2** | 2 |
| Scaoileadh an Deontais Caipitil | 14 | **167** | 154 | **142** | 125 |
| Glanchistiú Iarchurtha faoi choinne Pinsean | 12(c) | **901** | 740 | **765** | 600 |
| AN LÁRAONAD ÍOCAÍOCHTAÍ | | | | | |
| Deontas Faighte ó Ranna Cuntasacha | 3 | **28,063** | 25,972 | **23,823** | 21,047 |
| COIMISIÚN AN AE | | | | | |
| Éilimh is Infhaighte ón AE | 3 | **67,653** | 62,935 | **57,430** | 51,001 |
| **IONCAM IOMLÁN** | | **99,117** | 92,304 | **84,141** | 74,802 |

| CAITEACHAS | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Dímheas | 8 | **(167)** | (154) | **(142)** | (125) |
| Costais Foirne | 5 | **(2,518)** | (2,453) | **(2,138)** | (1,988) |
| Costais Oibriúcháin Eile | 7 | **(714)** | (788) | **(606)** | (639) |
| Ús is iníoctha ar ais leis an Roinn Airgeadais agus Pearsanra | 3 | **(2)** | (1) | **(2)** | (1) |
| AN LÁRAONAD ÍOCAÍOCHTAÍ | | | | | |
| Íocaíochtaí a Rinneadh le Tionscadail | 3 | **(95,716)** | (88,907) | **(81,253)** | (72,048) |
| **CAITEACHAS IOMLÁN** | | **(99,117)** | (92,303) | **(84,141)** | (74,801) |
| **Barrachas don bhliain aistrithe chuig an gCúlchiste Ginearálta** | | **-** | 1 | **-** | 1 |

Baineann na méideanna uile thuas le gníomhaíochtaí leanúnacha.

Is cuid de na cuntais seo iad na nótaí ar leathanaigh 43 go dtí 66.

## Ráiteas maidir le Gnóthachain agus Caillteanais Iomlána Aitheanta don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2013

| | Nótaí | 2013 €'000 | 2012 €'000 | 2013 £'000 | 2012 £'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Barrachas don bhliain** | | **-** | 1 | **-** | 1 |
| (Caillteanais)/gnóthachain ó thaithí maidir le dliteanais scéimeanna pinsin agus éifeacht an ráta malairte san áireamh | 12(d) | **21** | (9) | **18** | (7) |
| Athruithe ar bhoinn tuisceana a bhaineann le luach reatha dhliteanais na scéime pinsin | 12(b) | **654** | (1,136) | **555** | (921) |
| **Gnóthachain/(caillteanais) achtúireacha** | 12(b) | **675** | (1,145) | **573** | (928) |
| **Coigeartú ar chistiú iarchurtha pinsin** | | **(675)** | 1,145 | **(573)** | 928 |
| | | **-** | 1 | **-** | 1 |
| (Caillteanais)/gnóthachain mhalairte | 13 | **(3)** | 3 | **-** | - |
| **(Caillteanas)/gnóthachan iomlán aitheanta don bhliain** | | **(3)** | 4 | **-** | 1 |

Is cuid de na cuntais seo iad na nótaí ar leathanaigh 43 go dtí 66.

# Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2013

| | Nótaí | 2013 €'000 | 2012 €'000 | 2013 £'000 | 2012 £'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | | | |
| Sócmhainní Inláimhsithe | 8(a) | **448** | 513 | **373** | 418 |
| Sócmhainní Doláimhsithe | 8(b) | **101** | 123 | **84** | 100 |
| | | **549** | 636 | **457** | 518 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | | |
| Féichiúnaithe | 9 | **49,583** | 54,315 | **41,319** | 44,292 |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | 10 | **28,537** | 9,993 | **23,781** | 8,149 |
| **Iomlán na Sócmhainní Reatha** | | **78,120** | 64,308 | **65,100** | 52,441 |
| **Dliteanais Reatha** | | | | | |
| Creidiúnaithe – méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin | 11 | **(77,998)** | (64,183) | **(64,998)** | (52,339) |
| **Glansócmhainní Reatha** | | **122** | 125 | **102** | 102 |
| **Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha Roimh phinsin** | | **671** | 761 | **559** | 620 |
| Cistiú iarchurtha faoi choinne pinsean | 12(b) | **7,477** | 7,234 | **6,231** | 5,899 |
| Dliteanais pinsean | 12(b) | **(7,477)** | (7,234) | **(6,231)** | (5,899) |
| | | **671** | 761 | **559** | 620 |
| **Arna maoiniú ag:** | | | | | |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | | | | | |
| Cúlchiste Ginearálta | 13 | **122** | 125 | **102** | 102 |
| Cúlchiste Deontais Caipitil | 14 | **549** | 636 | **457** | 518 |
| | | **671** | 761 | **559** | 620 |

D'fhaomh an Príomhfheidhmeannach na cuntais seo ar an 10 Iúil 2014



Pat Colgan
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Is cuid de na cuntais seo iad na nótaí ar leathanaigh 43 go dtí 66.

# Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2013

| | Nótaí | 2013 €'000 | 2012 €'000 | 2013 £'000 | 2012 £'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | 15.1 | 18,387 | 5,028 | 15,501 | 3,993 |
| **Caiteachas caipitiúil agus infheistíocht airgeadais** | | | | | |
| Íocaíochtaí d'fhonn sócmhainní seasta a fháil | | (80) | (137) | (68) | (111) |
| **Glan-insreabhadh airgid roimh mhaoiniú** | | **18,307** | **4,891** | **15,433** | **3,882** |
| **Maoiniú** | | | | | |
| Cistiú caipitil a fuarthas | | 80 | 137 | 68 | 111 |
| **Glan-insreabhadh airgid ó mhaoiniú** | | **80** | **137** | **68** | **111** |
| **Méadú ar iarmhéideanna airgid/ bainc** | **15.2** | **18,387** | **5,028** | **15,501** | **3,993** |

Is cuid de na cuntais seo iad na nótaí ar leathanaigh 43 go dtí 66.

# Nótaí leis na Cuntais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 20133

## BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

### 1.1 Coinbhinsiúin Chuntasaíochta

Ullmhaíodh na cuntais seo i gcomhréir le coinbhinsiún an chostais stairiúil.

Gan teorainn a chur leis an fhaisnéis arna tabhairt, ullmhaítear na cuntais ar bhonn fabhraithe agus tagann siad leis na ceangail chuntasaíochta agus nochta in Acht na gCuideachtaí 2006, in Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2013 de chuid Phoblacht na hÉireann, leis na caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint nó arna nglacadh ag an mBord Caighdeán Cuntasaíochta, agus leis na ceanglais chuntasaíochta agus nochta arna n-eisiúint ag an Roinn Airgeadais agus Pearsanra agus ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, sa mhéid go bhfuil na ceanglais sin iomchuí.

### 1.2. Sócmhainní Seasta

Is ionann luach na sócmhainní seasta agus a gcostas don FCSAE. Áirítear bogearraí ceannaithe leis na sócmhainní doláimhsithe.

Déantar dímheas ar shócmhainní seasta ón mhí i ndiaidh a bhfála, ag rátaí a ríomhtar chun costas nó luach gach sócmhainne, lúide an luach iarmharach measta, a dhíscríobh go cothrom thar a saolré fhónta ionchais, nó thar an tréimhse léasa má tá an tréimhse sin níos gairide. Seo mar atá an tsaolré fhónta mheasta i bpríomhchatagóirí na sócmhainní seasta:

| | |
|---|---|
| Daingneáin agus Feisteas | 7 mbliana |
| Trealamh Ríomhaireachta | 3 bliana |
| Trealamh Oifige | 5 bliana |
| Sócmhainní léasaithe | Téarma an léasa nó saolré eacnamaíoch fhónta na sócmhainne, cibé ceann acu is gairide. |
| Sócmhainní doláimhsithe | 3 bliana |

### 1.3. Costais Phinsin

Tá scéim phinsin le sochair shainithe i bhfeidhm ag an FCSAE, a ndéantar í a chistiú uair sa bhliain ar bhonn íoctar mar a úsáidtear le hairgead a bhíonn ar fáil di, lena n-áirítear airgead a sholáthraíonn an Roinn Airgeadais agus Pearsanra (RAP) i dTuaisceart Éireann agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA) in Éirinn.

Faightear cistiú freisin trí asbhaintí ó thuarastail na foirne, a ndéanann an FCSAE iad a aisíoc leis an RAP agus leis an RCPA. Tá na hasbhaintí san áireamh le costais tuarastal agus phá (nóta 5).

Déantar dliteanais na Scéime Pinsin a thomhas ar bhonn achtúireach ag baint úsáide as modh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid.

Léiríonn na costais phinsin na sochair phinsin a ghnóthaíonn fostaithe sa tréimhse atá i gceist. Aithnítear méid arb ionann é agus an costas pinsin mar ioncam sa mhéid gur inghnóthaithe é, agus déantar é a fhritháireamh le deontais arna bhfáil sa bhliain atá i gceist chun íocaíochtaí pinsin a dhéanamh.

Aithnítear gnóthachain nó caillteanais a eascraíonn as athruithe ar bhoinn tuisceana Achtúireachta agus as barrachais agus easnaimh ó thaithí sa Ráiteas maidir le Gnóthachain agus Caillteanas Aitheanta Iomlána don bhliain inar tharla siad, agus aithnítear coigeartú dá réir sa mhéid is inghnóthaithe ón RAP/RCPA.

Is ionann na dliteanais phinsin agus luach láithreach na n-íocaíochtaí pinsin amach anseo atá gnóthaithe ag na baill foirne go dtí seo. Is ionann an cistiú iarchurtha pinsin agus an tsócmhainn chomhfhreagrach a gheofar ar ais ón RAP/RCPA sa todhchaí.

Ó 2012 i leith, tá an Costas Seirbhíse Reatha á aithint agus Ranníocaíochtaí na mBall san áireamh ann. Sna blianta roimhe seo, aithníodh Ranníocaíochtaí na mBall ar leithligh sa nóta ar Phinsin.

### 1.4. Cáin Bhreisluacha

Ní féidir leis an bhForas um Chláir Speisialta an AE CBL a éileamh ar ais. Dá bhrí sin, áirítear CBL mar chaiteachas agus déantar í a chaipitliú i luach na sócmhainní seasta, nuair is cuí.

### 1.5 Léasanna

Déantar sócmhainní atá faoi léas airgeadais nó faoi chonartha fruilcheannaigh a chaipitliú de réir a luacha chóir ag tús an léasa agus dímheastar iad thar thréimhse an léasa nó thar shaol eacnamaíoch fhónta mheasta na sócmhainní, cibé acu is gairide. Déantar na muirir airgeadais a leithroinnt thar thréimhse an léasa agus cuirtear iad de mhuirear ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais.

Áirítear nithe ar cíos sa chuntas ioncaim agus caiteachais thar thréimhse an léasa.

### 1.6 Airgeadraí

Déantar idirbhearta an FCSAE i cibé airgeadra atá ag an dlínse ina ndéantar iad. Tá na Ráitis Airgeadais curtha i láthair sa dá airgeadra. Léirítear iontu carnadh na n-idirbheart ar fad sa bhliain i ngach dlínse agus tá siad aistrithe de réir na meánrátaí malairte faoi seach le linn na bliana. Ag deireadh na bliana, aistrítear sócmhainní agus dliteanais de réir an ráta atá ann an tráth sin.

Is iad seo a leanas na rátaí malairte a úsáideadh le haghaidh 2012 agus 2013:

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| Meánráta | £1 = €1.1780 | £1 = €1.2340 |
| Ráta ag deireadh na bliana | £1 = €1.2000 | £1 = €1.2263 |

### 1.7 An Láraonad Íocaíochtaí

Tá Láraonad Íocaíochtaí ag an FCSAE a bunaíodh chun íocaíochtaí a dhéanamh le tionscadail arna gcistiú faoi na Cláir AE ábhartha thar ceann na Ranna Cuntasacha Rialtais i dTuaisceart Éireann agus in Éirinn. Tá Comhaontuithe Seirbhíse i bhfeidhm idir an FCSAE agus na Ranna Cuntasacha ar fad.

Tarraingítear cistiú ó na Ranna agus coinnítear é i gcuntais bhainc ar leith. Déantar íocaíochtaí le tionscadail ar bhonn dearbháin leictreonacha atá údaraithe mar is cuí.
I gcás INTERREG IVA agus PEACE

III, taispeántar íocaíochtaí a rinneadh le tionscadail (agus iad coigeartaithe i dtaca le fabhrú agus réamhíocaíochtaí neamhghnóthaithe) laistigh den chaiteachas sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais. Tá ioncam leis na híocaíochtaí sin a chlúdach roinnte idir 'Éilimh Inghnóthaithe' faoin gCoimisiún Eorpach agus cistiú meaitseála ó Ranna Cuntasacha. Taispeántar aon bharrachas/easnamh sa chistiú a fhaightear ó na Ranna mar ioncam iarchurtha/fabhraithe laistigh d'fhéichiúnaithe nó do chreidiúnaithe.

Sonraítear sna comhaontuithe freisin nach de réir rogha an FCSAE a bhaintear úsáid as na cistí, ach go bhfuil siad ar fáil chun íocaíochtaí a dhéanamh le tionscadail faoin Roinn Chuntasach chuí, faoin gClár cuí agus faoin Téama cuí, agus chun na cuspóra sin amháin.

Comhlíonann an FCSAE an fheidhm sin trína ról mar Údarás Deimhnithe don chlár PEACE III agus don chlár INTERREG IVA.

Íocaíochtaí a dhéantar le tairbhithe a mheastar ina dhiaidh sin a bheith neamh-incháilithe, déanann an FSCAE iad a aisghabháil trí fhritháireamh i gcoinne éileamh ó Cheannpháirtithe ina dhiaidh sin, nó trí aisíocaíocht dhíreach ón tionscadal.

Sa chás nach n-éireoidh le haisghabháil trí na modhanna sin, iarrann an FCSAE treoir ó na Ranna Cuntasacha ábhartha maidir leis an bpróiseas aisghabhála. Sa chás nach féidir íocaíochtaí a aisghabháil, is ar na Ballstáit a thitfidh an fhreagracht.

# Nótaí leis na Cuntais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2013 (ar lean)

## 2. Deontas ó na Ranna

| | RAP €'000 | RCPA €'000 | IOMLÁN 2013 €'000 | IOMLÁN 2012 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Deontas infhaighte:** | | | | |
| Riarachán agus Speansais | 1,265 | 1,066 | **2,331** | **2,501** |
| Cistiú caipitil | 25 | 24 | **49** | **60** |
| **Iomlán** | **1,290** | **1,090** | **2,380** | **2,561** |
| **Roinnte mar seo a leanas:** | | | | |
| Deontais atá curtha de shochar an chuntais Ioncaim agus Caiteachais | 1,265 | 1,066 | **2,331** | **2,501** |
| Deontais atá curtha de shochar Chúlchiste an Deontais Caipitil | 25 | 24 | **49** | **60** |
| **Iomlán** | **1,290** | **1,090** | **2,380** | **2,561** |

| | RAP £'000 | RCPA £'000 | IOMLÁN 2013 £'000 | IOMLÁN 2012 £'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Deontas infhaighte:** | | | | |
| Riarachán agus Speansais | 1,074 | 905 | **1,979** | **2,027** |
| Cistiú caipitil | 21 | 21 | **42** | **49** |
| **Iomlán** | **1,095** | **926** | **2,021** | **2,076** |
| **Roinnte mar seo a leanas:** | | | | |
| Deontais atá curtha de shochar an chuntais Ioncaim agus Caiteachais | 1,074 | 905 | **1,979** | **2,027** |
| Deontais atá curtha de shochar Chúlchiste an Deontais Caipitil | 21 | 21 | **42** | **49** |
| **Iomlán** | **1,095** | **926** | **2,021** | **2,076** |

# Nótaí leis na Cuntais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2013 (ar lean)

## 3. Anailís Oibríochtúil

Is féidir anailís a dhéanamh mar seo a leanas ar thorthaí na bliana de réir na réimsí gníomhaíochta seo a leanas:

| | | Láraonad Íocaíochtaí €'000 | Riarachán €'000 | IOMLÁN 2013 €'000 | IOMLÁN 2012 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | | | |
| Deontas Infhaighte | (i) | - | 2,331 | 2,331 | 2,501 |
| Deontais ó Ranna Cuntasacha | (ii) | 28,063 | - | 28,063 | 25,972 |
| Ioncam Oibriúcháin Eile | | - | 2 | 2 | 2 |
| Scaoileadh an Deontais Caipitil | | - | 167 | 167 | 154 |
| Éilimh is infhaighte ón AE | | 67,653 | - | 67,653 | 62,935 |
| Cistiú Thuaidh/Theas na Scéime Pinsin | | - | 901 | 901 | 740 |
| | | 95,716 | 3,401 | 99,117 | 92,304 |
| **Caiteachas** | | | | | |
| Dímheas | | - | (167) | (167) | (154) |
| Costais Foirne | | - | (2,518) | (2,518) | (2,453) |
| Costais Oibriúcháin Eile | | - | (714) | (714) | (788) |
| Ús is iníoctha leis an Roinn Airgeadais agus Pearsanra | | - | (2) | (2) | (1) |
| Íocaíochtaí Tionscadal | (iii) | (95,716) | - | (95,716) | (88,907) |
| | | (95,716) | (3,401) | (99,117) | (92,303) |
| **Barrachas/(Easnamh)** | | **-** | **-** | **-** | **1** |

# Nótaí leis na Cuntais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2013 (ar lean)

## 3. Anailís Oibríochtúil (ar lean)

| | | Láraonad Íocaíochtaí £'000 | Riarachán £'000 | IOMLÁN 2013 £'000 | IOMLÁN 2012 £'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | | | |
| Deontas Infhaighte | (i) | - | 1,979 | 1,979 | 2,027 |
| Deontais ó Ranna Cuntasacha | (ii) | 23,823 | - | 23,823 | 21,047 |
| Ioncam Oibriúcháin Eile | | - | 2 | 2 | 2 |
| Scaoileadh an Deontais Caipitil | | - | 142 | 142 | 125 |
| Éilimh is infhaighte ón AE | | 57,430 | - | 57,430 | 51,001 |
| Cistiú Thuaidh/Theas na Scéime Pinsin | | - | 765 | 765 | 600 |
| | | 81,253 | 2,888 | 84,141 | 74,802 |
| **Caiteachas** | | | | | |
| Dímheas | | - | (142) | (142) | (125) |
| Costais Foirne | | - | (2,138) | (2,138) | (1,988) |
| Costais Oibriúcháin Eile | | - | (606) | (606) | (639) |
| Ús is iníoctha leis an Roinn | | - | (2) | (2) | (1) |
| Airgeadais agus Pearsanra | | | | | |
| Íocaíochtaí Tionscadal | (iii) | (81,253) | - | (81,253) | (72,048) |
| | | (81,253) | (2,888) | (84,141) | (74,801) |
| **Barrachas/(Easnamh)** | | **-** | **-** | **-** | **1** |

(i) (i) - Áirítear le 'Deontas Infhaighte' cistiú do chostais reatha infhaighte ó Ranna Coimircíochta an FCSAE (RAP agus RCPA).

(ii) Áirítear le 'Deontais ó Ranna Cuntasacha' cistiú 'meaitseála' ó Ranna Cuntasacha, chun caiteachas faoi PEACE III agus INTERREG IV a chlúdach.

## Nótaí leis na Cuntais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2013 (ar lean)

### 3. Anailís Oibríochtúil (ar lean)

Is féidir anailís a dhéanamh de réir Cláir ar Íocaíochtaí Tionscadal (agus ar ioncam aitheanta leis an chaiteachas sin a chistiú) ar fiú £81,253k (€95,716k) iad mar seo a leanas:

| | £'000 | €'000 |
|---|---|---|
| PEACE III | 47,062 | 55,439 |
| INTERREG IVA | 34,191 | 40,277 |
| | **81,253** | **95,716** |

Níl 'Cistiú Meaitseála' Albanach san áireamh sa chaiteachas atá léirithe i gcuntais an FCSAE toisc nach gcuirtear tríd an FCSAE é ach gurb iad na tionscadail féin a dhéanann cistiú air trí fhoinsí éagsúla. In 2013 b'ionann an Cistiú Meaitseála Albanach agus thart ar €1.2m (2012: €0.9m).

(iii) Tá costais Chúnaimh Theicniúil a thabhaigh an FCSAE agus an Cuibhreannas, arb ionann iad agus €3.4m (£2.9m) in 2013 agus €4.6m (£3.7m) in 2012 san áireamh in 'Íocaíochtaí Tionscadal'. Seo a leanas an anailís:

| **2013** | **£'000** | **€'000** |
|---|---|---|
| FCSAE | 2,154 | 2,537 |
| Cuibhreannas | 706 | 832 |
| | **2,860** | **3,369** |

| **2012** | **£'000** | **€'000** |
|---|---|---|
| FCSAE | 2,470 | 3,048 |
| Cuibhreannas | 1,228 | 1,515 |
| | **3,698** | **4,563** |

Tá na costais sin tabhaithe i dtaca le bainistiú na gClár PEACE III agus INTERREG IV, lena n-áirítear caiteachas i leith na foirne, forchostais, breithmheasa, comhairle ghairmiúil, cumarsáide, oiliúna, TF, iniúchta agus meastóireachta srl. Áirítear leis an tsuim £2,154k de chuid an FSCAE in 2013 £865k i ndáil le costais foirne (féach nóta 5b), agus £309k i ndáil le costais oibriúcháin (féach nóta 7). De bhreis ar an méid sin, gheobhaidh roinnt Ceannpháirtithe Tionscadail tacaíocht deontais le cuidiú leo a gcostais riaracháin a chlúdach, mar chuid dá Litir Thairisceana (m.sh. Comhchoistí PEACE III agus Grúpaí Trasteorann INTERREG IV).

## 4. Ioncam Oibriúcháin Eile

| | 2013 €'000 | 2012 €'000 | 2013 £'000 | 2012 £'000 |
|---|---|---|---|---|
| Ús Infhaighte | **2** | 2 | 2 | **2** |

## 5. Costais Foirne

| (a) B'ionann meánlíon seachtainiúil na bhfostaithe (coibhéis lánaimseartha) agus: | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| Lucht Ardbhainistíochta | 4 | 4 |
| Bainistiú Clár | 7 | 7 |
| Measúnú Tionscadal agus Tacaíocht (fíorú san áireamh) | 34 | 35 |
| Seirbhísí Corparáideacha (íocaíochtaí tionscadal agus deimhniú san áireamh) | 17 | 19 |
| **Iomlán** | **62** | **65** |

| (b) B'iad na costais a tabhaíodh maidir leis na fostaithe sin: | 2013 €'000 | 2012 €'000 | 2013 £'000 | 2012 £'000 |
|---|---|---|---|---|
| Pá agus Tuarastail | 2,239 | 2,289 | 1,901 | 1,855 |
| Baill foirne ghníomhaireachta shealadacha agus baill foirne ar iasacht | 166 | 280 | 141 | 227 |
| Costais Slándála Sóisialaí: - Costais na bliana seo | 179 | 183 | 152 | 148 |
| Costais Phinsin Eile: - Costas seirbhíse reatha agus costas úis | 953 | 802 | 809 | 650 |
| | **3,537** | **3,554** | **3,003** | **2,880** |
| Cistithe trí Chúnamh Teicniúil PEACE III | (504) | (483) | (428) | (391) |
| Cistithe trí Chúnamh Teicniúil INTERREG IVA | (515) | (618) | (437) | (501) |
| **Iomlán** | **2,518** | **2,453** | **2,138** | **1,988** |

Tá an beartas cuntasaíochta maidir le pinsin sonraithe i Nóta 1.3.

## 5. Costais Foirne (ar lean)

| (c) Is mar seo a leanas a bhí luach saothair agus teidlíochtaí pinsin an POF agus na príomhbhainisteoirí: | Luach Saothair £'000 | Méadú iarbhír ar phinsean gnóthaithe £'000 | Pinsean fabhraithe £'000 | Aois (blianta) | Sochair chomhchineáil £'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| An tUasal P Colgan (Príomhfheidhmeannach) | 85 - 90 | 2.5 - 5 (lena n-áirítear cnapshuim) 2.5 - 5 | 45 - 50 (lena n-áirítear cnapshuim) 35 - 40 | 63 | nialas |
| G McIntyre, Uasal (Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha) | | | Níor tugadh cead | | |
| An tUasal S Henry (Stiúrthóir an Údaráis Bhainistíochta) | 50 - 55 | 2.5 - 5 (lena n-áirítear cnapshuim) 0 - 2.5 | 45 - 50 (lena n-áirítear cnapshuim) 35 - 40 | 49 | nialas |
| L McCourt, Uasal (Stiúrthóir na Comhrúnaireachta) | | | Níor tugadh cead | | |
| An tUasal B Mullan (Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta) | 0 - 5 | n/b | n/b | n/b | nialas |
| An tUasal J Campbell (Comhalta Neamhspleách den Choiste Iniúchóireachta) | 0 - 5 | n/b | n/b | n/b | nialas |

## 6. Feidhmíocht os coinne Príomhspriocanna Airgeadais

D'éirigh leis an FCSAE feidhmiú de réir an bhuiséid a leithdháileadh dó don bhliain.

D'éirigh leis an FCSAE na spriocanna caiteachais 'n+2' a bhaint amach suas go dtí an 31 Nollaig 2013 faoi na Cláir PEACE III agus INTERREG IVA

# Nótaí leis na Cuntais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2013 (ar lean)

## 7. Costais Oibriúcháin Eile

| | 2013 €'000 | 2012 €'000 | 2013 £'000 | 2012 £'000 |
|---|---|---|---|---|
| Taisteal agus Cothú | 28 | 39 | 24 | 32 |
| Teileachumarsáid | 49 | 41 | 42 | 33 |
| Ábhair Intomhalta TF agus Oifige | 42 | 48 | 36 | 39 |
| Stáiseanóireacht agus Clódóireacht | 21 | 36 | 18 | 29 |
| Postas | 5 | 6 | 4 | 5 |
| Deisiúcháin agus Cothabháil | 26 | 33 | 22 | 27 |
| Costais Áitreabh Oifige | 372 | 377 | 315 | 305 |
| Seirbhísí Gairmiúla | 65 | 75 | 55 | 61 |
| Oiliúint agus Comhdhálacha | 19 | 19 | 16 | 15 |
| Síntiúis | 5 | 5 | 4 | 4 |
| Poiblíocht agus Fógraíocht | 13 | 22 | 11 | 18 |
| Costais Theagmhasacha | 21 | 11 | 18 | 9 |
| Aíocht | 1 | 2 | 1 | 2 |
| Táillí iniúchóireachta - Seachtrach | 31 | 32 | 26 | 26 |
| - Inmheánach | 16 | 42 | 14 | 34 |
| **IOMLÁN** | **714** | **788** | **606** | **639** |

Tá na costais thuasluaite cistithe ó bhuiséad lárnach an FSCAE. Chomh maith leis na costais sin, tá costais oibriúcháin bhreise £309k (2012 £386k) cistithe ó chúnamh teicniúil – féach nóta 3 (iii).



## Nótaí leis na Cuntais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2013 (ar lean)

### 8. Sócmhainní Seasta

| (a) Sócmhainní Seasta Inláimhsithe | Feabhsúcháin Léasachta €'000 | Trealamh Oifige €'000 | Trealamh Ríomhaireachta €'000 | Daingneáin agus Feistis €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costas nó Luacháil** | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2013 | 1,222 | 60 | 560 | 120 | 1,962 |
| Méideanna breise | 1 | - | 46 | 1 | 48 |
| Diúscairtí | - | - | (11) | - | (11) |
| Amhail an 31 Nollaig 2013 | 1,223 | 60 | 595 | 121 | 1,999 |
| **Dímheas** | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2013 | 843 | 55 | 474 | 77 | 1,449 |
| Soláthar don bhliain | 60 | 3 | 41 | 9 | 113 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | - | - | (11) | - | (11) |
| Amhail an 31 Nollaig 2013 | 903 | 58 | 504 | 86 | 1,551 |
| **Glanluach de réir na leabhar (€)** | | | | | |
| **31-Noll-13** | **320** | **2** | **91** | **35** | **448** |
| **31-Noll-12** | **379** | **5** | **86** | **43** | **513** |
| **Glanluach de réir na leabhar (£)** | | | | | |
| **31-Noll-13** | **260** | **1** | **73** | **28** | **362** |
| **Coigeartú faoi choinne Aistriú Airgeadra** | **8** | **-** | **2** | **1** | **11** |
| **31-Noll-13 (athluaite)** | **268** | **1** | **75** | **29** | **373** |
| **31-Noll-12** | **309** | **4** | **70** | **35** | **418** |

Is ionann coigeartú aistrithe airgeadra agus an difear idir glanluach na sócmhainní seasta de réir na leabhar, arna ríomh ag úsáid na rátaí malairte mar atá ag deireadh na bliana agus a nglanluach de réir na leabhar sonraithe ag rátaí stairiúla malairte.

Níl aon sócmhainní á gcoinneáil faoi léasanna airgeadais ná faoi chonartha fruilcheannaigh.

# Nótaí leis na Cuntais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2013 (ar lean)

## 8. Sócmhainní Seasta (ar lean)

| (b) Sócmhainní Seasta Doláimhsithe | Bogearraí €'000 |
|---|---|
| **Costas nó Luacháil** | |
| Amhail an 1 Eanáir 2013 | 541 |
| Méideanna breise | 32 |
| Diúscairtí | (19) |
| Amhail an 31 Nollaig 2013 | 554 |
| **Dímheas** | |
| Amhail an 1 Eanáir 2013 | 418 |
| Soláthar don bhliain | 54 |
| Diúscairtí | (19) |
| Amhail an 31 Nollaig 2013 | 453 |
| **Glanluach de réir na leabhar (€)** | |
| **31-Noll-13** | **101** |
| **31-Noll-12** | **123** |
| **Glanluach de réir na leabhar (£)** | |
| **31-Noll-13** | **81** |
| **Coigeartú faoi choinne Aistriú Airgeadra** | **3** |
| **31-Noll-13 (athluaite)** | **84** |
| **31-Noll-12** | **100** |

# Nótaí leis na Cuntais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2013 (ar lean)

## 9. Féichiúnaithe (méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)

| | Nóta | 2013 €'000 | 2012 €'000 | 2013 £'000 | 2012 £'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe | (i) | 14,988 | 16,016 | 12,490 | 13,061 |
| Méideanna atá dlite ón gCoimisiún Eorpach | (ii) | 34,578 | 38,278 | 28,815 | 31,214 |
| Féichiúnaithe eile | | 17 | 21 | 14 | 17 |
| | | **49,583** | **54,315** | **41,319** | **44,292** |

(i) Nuair a léirítear go bhfuil gá leis, déantar réamhíocaíochtaí le tionscadail agus athraítear ina n-íocaíochtaí iarbhíre iad níos moille anonn. Tagann sé sin le Rialacháin an AE agus le *Managing Public Money NI.*

(ii) Feidhmíonn an FCSAE mar Údarás Deimhnithe do na Cláir INTERREG IVA agus PEACE III agus tá sé freagrach as cistiú a éileamh ó Choimisiún an AE. Amhail an 31 Nollaig 2013, bhí €34,578,123 (£28,815,102) infhála, i leith éileamh ar cuireadh isteach iad agus éileamh nár cuireadh isteach iad araon.

## 10. Airgead sa bhanc agus ar láimh

| | Nóta | 2013 €'000 | 2012 €'000 | 2013 £'000 | 2012 £'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Airgead sa bhanc: | | | | | |
| - Á choinneáil faoi choinne íocaíochtaí riaracháin | | 131 | 124 | 109 | 101 |
| - Á choinneáil faoi choinne íocaíochtaí clár | (i) | 28,406 | 9,869 | 23,672 | 8,048 |
| **Iomlán** | | **28,537** | **9,993** | **23,781** | **8,149** |

(i) Is ionann an t-airgead atá á choinneáil faoi choinne íocaíochtaí clár agus na méideanna arna dtarraingt ó Ranna Rialtais chun a chur ar chumas an FCSAE a chuid dualgas a chomhlíonadh maidir le híocaíochtaí a dhéanamh le tionscadail ar bhonn tráthúil, móide aon airgead atá faighte ón AE ach nach bhfuil íoctha le Ranna Rialtais go fóill. Baintear úsáid as na méideanna sin agus déantar iad a atarraingt go ráithiúil i gcomhréir le riachtanais réamh-mheasta.

## 11. Creidiúnaithe (méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)

| | Nóta | 2013 €'000 | 2012 €'000 | 2013 £'000 | 2012 £'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Creidiúnaithe Trádála agus Tionscadail | | 551 | 1,518 | 459 | 1,238 |
| Fabhruithe agus Ioncam Iarchurtha | (i) | 31,139 | 25,058 | 25,949 | 20,434 |
| Airgead ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa is dlite do Ranna Cuntasacha | (ii) | 46,139 | 36,720 | 38,449 | 29,944 |
| Méideanna eile is dlite do Ranna | (iii) | 169 | 887 | 141 | 723 |
| | | **77,998** | **64,183** | **64,998** | **52,339** |

(i) I dtaca leis na Cláir PEACE III agus INTERREG IVA, caitear leis an gcistiú breise a fhaightear atá de bhreis ar an gcaiteachas aitheanta mar ioncam iarchurtha agus déantar taifead air in 'Fabhruithe agus Ioncam Iarchurtha'. Maidir leis an gClárthréimhse roimhe seo (PEACE II agus INTERREG IIIA), aithnítear cistiú ar bith atá fágtha gan chaitheamh ag deireadh na bliana mar chuid de chistí na Ranna, agus déantar taifead air mar 'Méideanna eile is dlite do na Ranna'.

(ii) Tarraingítear cistí ó na Ranna agus baintear úsáid astu chun íocaíochtaí a dhéanamh le tionscadail le linn na bliana. Cuirtear éilimh isteach ansin faoi choinne aisíocaíochta ar ghné Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa den chaiteachas inghlactha a tabhaíodh. Nuair a fhaightear na haisíocaíochtaí sin ó Choimisiún an AE, ní mór don FSCAE na Ranna Cuntasacha a aisíoc (tríd an Roinn Airgeadais agus Pearsanra agus tríd an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe). Amhail an 31 Nollaig 2013 b'ionann an méid a bhí dlite do na Ranna agus €46,139,191, (£38,449,326).

(iii) Cuimsítear leis na méideanna eile atá dlite do Ranna ús bainc a tuilleadh ar chistí cláir, agus iarmhéideanna reatha ar bhunchistiú ó Ranna Coimircíochta an FSCAE. B'ionann an t-ús a gnóthaíodh ar chistiú a bhí ag FCSAE d'fhonn íocaíochtaí a dhéanamh le tionscadail agus £85k (€100k) in 2013 agus £86k (€106k) in 2012. Íoctar an t-ús sin leis na Ranna Coimircíochta ar bhonn rialta.

## 12. Pinsin

| **a) Anailís ar chostais iomlána phinsin arna gcur de mhuirear ar an gCaiteachas:** | **2013 €'000** | **2012 €'000** | **2013 £'000** | **2012 £'000** |
|---|---|---|---|---|
| Costas seirbhíse reatha | 677 | 539 | 575 | 437 |
| Ús ar Dhliteanais na Scéime Pinsin | 276 | 264 | 234 | 214 |
| | **953** | **803** | **809** | **651** |

| **b) Gluaiseacht sa Ghlandliteanas Pinsin le linn na bliana airgeadais** | **2013 €'000** | **2012 €'000** | **2013 £'000** | **2012 £'000** |
|---|---|---|---|---|
| Glandliteanas Pinsin amhail an 1 Eanáir | 7,234 | 5,223 | 5,899 | 4,371 |
| Costas seirbhíse reatha | 677 | 539 | 575 | 437 |
| Ús ar dhliteanais scéime | 276 | 264 | 234 | 214 |
| Caillteanas/(gnóthachan) achtúireach | (675) | 1,145 | (573) | 928 |
| Glanaistrithe isteach/(amach) | 165 | - | 140 | - |
| Sochair a íocadh | (52) | (63) | (44) | (51) |
| Difríochtaí malairte | (148) | 126 | - | - |
| **Glandliteanas Pinsin amhail an 31 Nollaig** | **7,477** | **7,234** | **6,231** | **5,899** |

Tá ranníocaíochtaí na mball san áireamh sa Chostas Seirbhíse Reatha, agus b'ionann iad agus £31k (€37k) in 2013, agus £31k (€38k) in 2012. Íocadh na suimeanna sin leis na Ranna Coimircíochta de réir na meicníochtaí comhaontaithe cistithe.

| **Seo a leanas anailís ar ghluaiseacht an (easnaimh) sa Phlean sa tréimhse:** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Gnóthachan/(caillteanas) ó thaithí | 21 | (9) | 18 | (7) |
| Gnóthachan/(caillteanas) ar athrú na mBonn Tuisceana airgeadais | 654 | (1,136) | 555 | (921) |
| **Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach** | **675** | **(1,145)** | **573** | **(928)** |

# Nótaí leis na Cuntais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2013 (ar lean)

## 12. Pinsin (ar lean)

### c) Cistiú Iarchurtha faoi choinne Pinsean

I gcomhréir leis an gcleachtas cuntasaíochta do chomhlachtaí Stáit neamhthráchtála i bPoblacht na hÉireann, aithníonn an FCSAE sócmhainn arb ionann í agus na hacmhainní atá le cur ar fáil ag Státchistí na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann don dliteanas neamh-iarchurtha i gcomhair pinsean bunaithe ar roinnt imeachtaí a tharla san am a chuaigh thart. I measc na n-imeachtaí sin tá an tacaíocht reachtúil do na scéimeanna aoisliúntais, agus an beartas agus an cleachtas sa dá dhlínse maidir le pinsin seirbhíse poiblí a chistiú, agus próiseas na meastachán bliantúil san áireamh. Cé nach bhfuil comhaontú foirmiúil ann, agus dá bhrí sin nach bhfuil ráthaíocht ar bith ann ó na comhlachtaí cistiúcháin maidir leis na méideanna sainiúla atá i gceist, níl fianaise ar bith ag an FCSAE a thabharfadh le fios nach mbeidh an tsuim sin ar fáil go leanúnach de réir mar atá faoi láthair faoin gcleachtas reatha. Ní hionann é sin agus an cleachtas cuntasaíochta i gcás Chomhlachtaí Neamh-Rannacha na Ríochta Aontaithe. Ina gcás siúd, mar gheall nach dtugtar ráthaíocht fhoirmiúil, ní aithnítear dliteanas ó thaobh cistithe go dtí go mbeidh an gealltanas dlite.

Is mar seo a leanas a bhí an Glanchistiú Iarchurtha do Phinsin sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais:

| | 2013 €'000 | 2012 €'000 | 2013 £'000 | 2012 £'000 |
|---|---|---|---|---|
| Cistiú Inghnóthaithe i ndáil le costais phinsean na bliana reatha | 953 | 803 | 809 | 651 |
| Sochair a íocadh le linn na bliana | (52) | (63) | (44) | (51) |
| | **901** | **740** | **765** | **600** |

B'ionann sócmhainn an chistithe iarchurtha faoi choinne pinsean amhail an 31 Nollaig 2013 agus €7.477m (£6.231m); 2012: €7.234m (£5.899m)

# Nótaí leis na Cuntais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2013 (ar lean)

## 12. Pinsin (ar lean)

| d) Stair na ndualgas um shochair shainithe | 2013 £'000 | 2013 €'000 | 2012 £'000 | 2012 €'000 | 2011 £'000 | 2011 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Dualgais um shochair shainithe | **(6,231)** | (7,477) | **(5,899)** | (7,234) | **(4,371)** | (5,360) |
| Coigeartú ó thaithí ar dhliteanais, agus tionchar gnóthachain/(caillteanais) an ráta malairte san áireamh | **18** | 21 | **(7)** | (9) | **86** | 99 |
| Céatadán na nDliteanas Scéime | **0.30%** | 0.30% | **-0.10%** | -0.10% | **2.00%** | 2.00% |

| d) Stair na ndualgas um shochair shainithe (ar lean) | 2010 £'000 | 2010 €'000 | 2009 £'000 | 2009 €'000 | 2008 £'000 | 2008 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Dualgais um shochair shainithe | **(3,699)** | (4,317) | **(3,178)** | (3,578) | **(2,025)** | (2,126) |
| Coigeartú ó thaithí ar dhliteanais, agus tionchar gnóthachain/(caillteanais) an ráta mhalairte san áireamh | **100** | 117 | **19** | 21 | **(91)** | (96) |
| Céatadán na nDliteanas Scéime | **2.70%** | 2.70% | **0.60%** | 0.60% | **-4.49%** | -4.49% |

### e) Cur síos ginearálta ar an Scéim

Is ionann an scéim pinsin agus comhshocrú atá bunaithe ar shochair shainithe agus ar an tuarastal deiridh, agus sainítear na sochair agus na ranníocaíochtaí trí thagairt a dhéanamh do na rialacháin um scéim "shamplach" reatha don earnáil phoiblí. Trí bhíthin na scéime, cuirtear pinsean ar fáil (ochtaduithe faoi choinne gach bliain seirbhíse) mar aon le haisce nó cnapshuim (trí ochtadú faoi choinne gach bliain seirbhíse) agus pinsin i leith céilí agus leanaí. Is é 60ú breithlá an bhaill an ghnáthaois scoir. Tagann méadú ar phinsin arna n-íoc (agus atá iarchurtha) i gcomhréir le boilsciú ginearálta na dtuarastal san earnáil phoiblí de ghnáth.

Tá an luacháil a úsáideadh don nochtadh FRS17 (Athbhreithnithe) amhail an 31 Nollaig, 2013 déanta ag achtúire cáilithe neamhspleách (Xafinity Consulting). Tá torthaí na bliana seo bunaithe ar thorthaí luachála iomláin ar an 31 Nollaig 2012. Tá coigeartú déanta ar na torthaí chun léiriú a dhéanamh ar na boinn tuisceana achtúireacha ar an 31 Nollaig 2013, íocaíochtaí sochair iarbhír agus ranníocaíochtaí a fuarthas, taithí ar mhéadú ar thuarastail agus ar phinsin i rith na bliana agus aistrithe isteach sa Scéim agus amach aisti.

## Nótaí leis na Cuntais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2013 (ar lean)

Ba iad seo a leanas na príomhbhoinn tuisceana:

| | 31-Noll-13 | 31-Noll-12 | 31-Noll-11 | 31-Noll-10 | 31-Noll-09 | 31-Noll-08 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ráta lascaine: | | | | | | |
| TÉ | 4.5% | 4.1% | 4.7% | 5.4% | 5.7% | 6.4% |
| P na hÉ | 3.5% | 2.7% | 4.6% | 4.7% | 5.1% | 6.4% |
| Ráta boilscithe: | | | | | | |
| TÉ | 2.5% | 1.8% | 2.6% | 3.4% | 3.7% | 2.9% |
| P na hÉ | 2.0% | 2.5% | 2.5% | 2.5% | 2.5% | 2.5% |
| Ráta méadaithe na dtuarastal | 4.0% | 4.0% | 4.0% | 4.0% | 4.0% | 4.0% |
| Meánráta méadaithe na bpinsean: | | | | | | |
| TÉ | 2.5% | 1.8% | 2.6% | 3.4% | 3.7% | 2.9% |
| P na hÉ (méaduithe sna tuarastail) | 4.0% | 4.0% | 4.0% | 4.0% | 4.0% | 4.0% |
| P na hÉ (Praghsinnéacs Tomhaltóirí) | 2.0% | 2.5% | 2.5% | 2.5% | 2.5% | 2.5% |
| Meánfhad ionchasach saoil ag aois 65 bliain i dtaca le: | | | | | | |
| Fear atá 65 bliana d’aois anois | 21.6 | 21.5 | 21.4 | 21.3 | 21.2 | 21.2 |
| Bean atá 65 bliana d’aois anois | 24.2 | 24.1 | 24.0 | 23.9 | 23.8 | 23.8 |
| Fear atá 45 bliana d’aois anois | 23.5 | 23.4 | 23.3 | 23.2 | 23.1 | 23.1 |
| Bean atá 45 bliana d’aois anois | 26.0 | 25.9 | 25.9 | 25.8 | 25.7 | 25.7 |

## Nótaí leis na Cuntais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2013 (ar lean)

### 13. Réiteach na nGluaiseachtaí sa Chúlchiste Ginearálta

| | 2013 €'000 | 2012 €'000 | 2013 £'000 | 2012 £'000 |
|---|---|---|---|---|
| Amhail an 31 Nollaig 2012 | 125 | 121 | 102 | 101 |
| (Caillteanais)/gnóthachain mhalairte | (3) | 3 | - | - |
| Barrachas don bhliain | - | 1 | - | 1 |
| **Amhail an 31 Nollaig 2013** | **122** | **125** | **102** | **102** |

### 14. Réiteach na nGluaiseachtaí i gCúlchiste an Deontais Caipitil

| | Nóta | 2013 €'000 | 2012 €'000 | 2013 £'000 | 2012 £'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Amhail an 31 Nollaig 2012 | | 636 | 653 | 518 | 547 |
| Cistiú caipitil is infhaighte le linn na Tréimhse | 2 | 49 | 60 | 42 | 49 |
| Cistiú faighte trí chúnamh teicniúil | | 31 | 77 | 26 | 62 |
| Brabús/caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta | | - | - | - | - |
| Lúide an méid a scaoileadh chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais | | (167) | (154) | (142) | (125) |
| Caillteanas/(gnóthachan) malairte ar shócmhainní seasta a fháil | | - | - | 13 | (15) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2013** | | **549** | **636** | **457** | **518** |

## 15. Nótaí leis an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid

| 15.1 Réiteach an toraidh don tréimhse leis an nglan-inshreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | 2013 €'000 | 2012 €'000 | 2013 £'000 | 2012 £'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Barrachas/(easnamh) don tréimhse** | - | 1 | - | 1 |
| Coigeartú faoi choinne idirbheart nach raibh airgead tirim i gceist leo | | | | |
| Difríochtaí malairte ar aistriú | | | | |
| Iarmhéideanna airgid amhail an 1 Eanáir | (157) | 66 | (131) | 54 |
| Dímheas | 167 | 154 | 142 | 125 |
| Scaoileadh an Deontais Caipitil | (167) | (154) | (142) | (125) |
| Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta | - | - | - | - |
| Difríocht ar Aistriú Airgeadra Eachtraigh | (2) | 3 | - | - |
| **Coigeartuithe faoi choinne gluaiseachtaí i gcaipiteal oibre** | | | | |
| Laghdú/(méadú) ar fhéichiúnaithe | 4,731 | (10,832) | 2,973 | (7,904) |
| Méadú ar chreidiúnaithe | 13,815 | 15,790 | 12,659 | 11,842 |
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | **18,387** | **5,028** | **15,501** | **3,993** |

| 15.2 Réiteach an ghlan-insreafa airgid le gluaiseacht i nglanfhiacha | 2013 €'000 | 2012 €'000 | 2013 £'000 | 2012 £'000 |
|---|---|---|---|---|
| Airgead sa bhanc amhail an 1 Eanáir | 9,993 | 5,031 | 8,149 | 4,210 |
| Ath-aistriú go dtí rátaí malairte na bliana reatha | 157 | (66) | 131 | (54) |
| | 10,150 | 4,965 | 8,280 | 4,156 |
| Glan-insreabhadh airgid | 18,387 | 5,028 | 15,501 | 3,993 |
| **Airgead sa bhanc amhail an 31 Nollaig** | **28,537** | **9,993** | **23,781** | **8,149** |

## 16. Dliteanais theagmhasacha

Ní raibh aon dliteanais theagmhasacha ann amhail an 31 Nollaig 2012 ná amhail an 31 Nollaig 2013.

## 17. Ceangaltais na Léasa Oibriúcháin

Amhail an 31 Nollaig bhí ceangaltas ar an FSCAE maidir le déanamh na n-íocaíochtaí seo a leanas i rith na bliana seo chugainn maidir le léasanna oibriúcháin:

| | Talamh agus Foirgnimh 2013 €'000 | Eile 2013 €'000 | Talamh agus Foirgnimh 2012 €'000 | Eile 2012 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Léasanna a bheidh ag dul in éag: | | | | |
| Laistigh de bhliain | - | - | - | 2 |
| Sa tréimhse idir dhá bhliain | 99 | 13 | 52 | - |
| agus cúig bliana romhainn | 175 | - | 227 | - |
| Tar éis cúig bliana | | | | |
| | **274** | **13** | **279** | **2** |

| | £'000 | £'000 | £'000 | £'000 |
|---|---|---|---|---|
| Laistigh de bhliain | - | - | - | 2 |
| Sa tréimhse idir dhá bhliain | 82 | 11 | 42 | - |
| agus cúig bliana romhainn | 146 | - | 185 | - |
| Tar éis cúig bliana | | | | |
| | **228** | **11** | **227** | **2** |

## 18. Ceangaltais Chaipitiúla

Ní raibh aon cheangaltais chaipitiúla ar an FSCAE amhail an 31 Nollaig, 2012 ná amhail an 31 Nollaig 2013. Baineann gnéithe tógála caipitiúla le cuid de na tionscadail a bhfuil Litreacha Tairisceana faighte acu ón FCSAE faoi PEACE III agus INTERREG IV. Tá an ceangaltas faoi choinne an chaiteachais sin san áireamh i nóta 19 thíos.

## Nótaí leis na Cuntais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2013 (ar lean)

### 19. Ceangaltais Deontas

Amhail an 31 Nollaig 2013, bhí ceangaltais deontas gan íoc ar fiú €171 milliún (£143 milliún) iad ar an FSCAE. Seo a leanas an miondealú idir litreacha tairisceana Euro agus litreacha tairisceana £STG:

| Litreacha Tairisceana € Euro: | Deontas deonaithe €'000 | Íoctha go dtí seo €'000 | Ceangaltas gan íoc 31/12/2013 €'000 | Ceangaltas gan íoc 31/12/2012 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| PEACE III | 82,722 | 68,539 | 14,183 | 39,511 |
| INTERREG IV | 83,628 | 58,581 | 25,047 | 52,646 |
| | **166,350** | **127,120** | **39,230** | **92,157** |

| Litreacha Tairisceana £ Stg: | £'000 | £'000 | £'000 | £'000 |
|---|---|---|---|---|
| PEACE III | 187,616 | 135,063 | 52,553 | 110,600 |
| INTERREG IV | 132,445 | 74,856 | 57,589 | 82,943 |
| | **320,061** | **209,919** | **110,142** | **193,543** |

### 20. Idirbhearta le Páirtithe Gaolmhara

Is Comhlacht Forfheidhmithe Thuaidh Theas é an Foras um Chláir Speisialta an AE atá faoi choimirce na Roinne Airgeadais agus Pearsanra i dTuaisceart Éireann agus na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in Éirinn.

Is páirtithe gaolmhara iad na Ranna thuasluaite. Bhí idirbhearta éagsúla ag an bhForas um Chláir Speisialta an AE leis na ranna seo a leanas le linn na bliana:

(1) Soláthraíonn Ceann na hIniúchóireachta Inmheánaí sa Roinn Airgeadais agus Pearsanra Seirbhísí Iniúchóireachta Inmheánaí don Fhoras um Chláir Speisialta an AE de réir Chomhaontaithe Seirbhíse ar neamhthuilleamaí. Tá na costais a tabhaíodh le feiceáil i Nóta 7 a ghabhann leis na cuntais seo.

(2) Soláthraíonn aonad sainiúil sa Roinn Airgeadais agus Pearsanra feidhmeanna an Údaráis Iniúchóireachta ar bhonn comhpháirtíochta idir na ballstáit. Tá an gaol sin á rialú ag Comhaontú Seirbhíse.

(3) Tá Comhaontú Seirbhíse ag an FCSAE le Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Staidreamh agus Thaighde (NISRA), ar gníomhaireacht fheidhmeannach í taobh istigh den RAP. Soláthraíonn NISRA seirbhís mhonatóireachta agus luachála maidir leis na cláir.

(4) Tá bunachar lárnach sonraí á bhainistiú ag an RAP a mbaineann FCSAE agus an Rannóg AE sa RAP úsáid as. Déantar cuid de na costais a thabhaítear maidir leis an mbunachar sonraí a athghearradh ar an FSCAE ar bhonn comhaontaithe.

(5) Tá Comhaontú Seirbhíse ag an FCSAE leis an Stiúrthóireacht Lárnach Soláthair (SLS) arb ionann í agus an tIonad Saineolais ar Sholáthar sa RAP. Bíonn FCSAE i dteagmháil leis an SLS ar bhonn ad hoc maidir le comórtais soláthair a bhainistiú agus maidir le comhairle a chur ar fáil faoi sholáthar i dtaca le tionscadail foirgníochta.

## 21. Caillteanais agus Íocaíochtaí Speisialta

Níor tharla aon chaillteanais agus ní dhearnadh aon Íocaíochtaí Speisialta sa bhliain.

## 22. Ionstraimí Airgeadais agus Rioscaí maidir le Leachtacht, Rátaí Úis agus Airgeadra Eachtrach

### 22.1 Ionstraimí Airgeadais

Mar gheall ar chineál neamhthrádála ghníomhaíochtaí an FCSAE agus mar gheall ar an gcaoi a ndéantar é a mhaoiniú, bíonn an FCSAE cosanta ar chuid de na rioscaí airgeadais a mbíonn aonáin ghnó neamhchosanta orthu. Is beag cumhacht atá ag an FCSAE maidir le cistí barrachais a fháil ar iasacht nó iad a infheistiú. Gintear na sócmhainní agus na dliteanais airgeadais trí ghnáthghníomhaíochtaí laethúla an FCSAE agus ní choinnítear iad le hathrú a dhéanamh ar na rioscaí a bhíonn roimhe agus a chuid gníomhaíochtaí ar siúl aige

### 22.2 Rioscaí maidir le Leachtacht, Rátaí Úis agus Airgeadra Eachtrach

Bíonn riachtanais acmhainní ghlanioncaim agus caiteachas caipitiúil an FSCAE maoinithe ag acmhainní arna vótáil ar bhonn bliantúil ag Tionól Thuaisceart Éireann agus ag an Oireachtas. Níl sé neamhchosanta, dá bhrí sin, ar rioscaí suntasacha leachtachta. Ní fhaigheann an FCSAE cistiú ó fhoinsí tráchtála, agus dá bhrí sin níl sé neamhchosanta ar rioscaí suntasacha i dtaobh rátaí úis.

Ní suntasach í neamhchosaint an FCSAE ar rioscaí maidir le hairgeadra eachtrach toisc go bhfaigheann sé leibhéal cistithe comhaontaithe óna chuid ranna coimircíochta, an Roinn Airgeadais agus Pearsanra agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i steirling agus in euro faoi seach, agus toisc nach mbíonn sé i mbun gníomhaíochtaí trádála. De bharr gur i steirling a dhéantar formhór na n-idirbheart agus go bhfaightear an chuid is mó den chistiú ar bhonn comhionann ón dá Roinn, áfach, tá an FCSAE neamhchosanta go pointe ar rioscaí maidir le hairgeadra eachtrach.

Maidir le cistí a tharraingítear ó Ranna Cuntasacha don Láraonad Íocaíochtaí, is iad na Ranna coimircíochta a bhíonn faoi riosca maidir le hairgeadra eachtrach.

## 23. Cistiú a tharraingítear siar ó Thionscadail

I mblianta roimhe seo, tarraingíodh tairiscintí cistithe siar ó 2 eagraíocht, a raibh 4 thionscadal san iomlán á mbainistiú acu laistigh den Chlár PEACE III. Níl íocaíochtaí a rinneadh leis na heagraíochtaí sin dar luach £574,793 incháilithe a thuilleadh do chistiú an AE, mar sin is iad na Ranna Cuntasacha a iompraíonn an costas iomlán.

Chomh maith leis an méid thuas, agus tar éis iniúchadh fóiréinseach ar dhá thionscadal a bhí á mbainistiú ag eagraíocht amháin, meastar go bhfuil caiteachas £581,064 neamh-incháilithe. Níl an chuideachta ag trádáil a thuilleadh, agus tá pacáiste fianaise ullmhaithe agus curtha faoi bhráid Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann lena bhreithniú.

Tá dhá imscrúdú fhóiréinseacha eile ar siúl faoi láthair, agus ní féidir a dtorthaí a chinneadh.

# Aguisín

Treoir chuntas arna tabhairt ag Roinn Airgeadais agus Pearsanra Thuaisceart Éireann agus ag Roinn Airgeadais na hÉireann. I gcomhréir leis an Ordú um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann) 1999 agus leis an Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1999.

Tabharfar léargas fírinneach cóir sna cuntais bhliantúla ar an ioncam agus ar an gcaiteachas agus ar na sreafaí airgid don bhliain airgeadais, agus ar staid na gcúrsaí amhail deireadh na bliana. Faoi réir an cheanglais sin, ullmhóidh an Comhlacht cuntais don tréimhse airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2000 agus do bhlianta ina dhiaidh sin i gcomhréir le:

a. Tuarascála Bliantúla agus Treoir Chuntas na gComhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh/Theas;
b. Treoir eile a d'fhéadfadh Roinn Airgeadais a eisiúint ó am go ham maidir le cuntais atá riachtanas chun léargas fírinneach cóir a thabhairt;
c. Aon nochtadh eile atá ag teastáil ó na Ranna coimircíochta;

ach amháin sa chás ina gcomhaontaítear a mhalairt le Ranna Airgeadais, áit a gcuirfear síos ar an eisceacht sna Nótaí a ghabhann leis na Cuntais.



Arna síniú le húdarás na Roinne Airgeadais agus Pearsanra
**L O'Reilly**
29 Meitheamh, 2001



An Roinn Airgeadais
**A Dunning**
29 Meitheamh 2001

# Notes

Arna fhoilsiú ag Foras um Chláir Speisialta an AE
Oifig Bhéal Feirste:
7ú hUrlár,
Áras Clarence Thoir,
2 Sráid Clarence Thoir,
Béal Feirste,
Tuaisceart Éireann, BT2 7GP.
teil: +44 (0)28 9026 6660
facs: +44 (0)28 9026 6692
rphost: info@seupb.eu

Oifig na hÓmaí:
Teach AE, 11 Bóthar Chéibhlinne, An Ómaigh,
Tuaisceart Éireann, BT78 1LB
teil: +44 (0)28 8225 5750
facs: +44 (0)28 8224 8427
rphost: omagh@seupb.eu

Oifig Mhuineacháin:
Áras M:TEK II, Bóthar Ard Mhacha,
Muineachán, Éire
teil: +353 (0)47 77003
facs: +353 (0)47 71258
rphost: monaghan@seupb.eu
suíomh gréasáin: www.seupb.eu

ISBN 978-0-9927915-4-4
9 780992 791544